

# 2022

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

01-01-2022 - 31-12-2022

AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ



Coimisiún um  
Iomaíocht agus  
Cosaínt Tomhaltóirí

Competition and  
Consumer Protection  
Commission



- 3.** 2022 i bhFigióirí
- 4.** Ón gCathaoirleach
- 6.** **Spríoc Straitéiseach 1**
  - 7. • Cumhachtaí Nua don CCPC
  - 8. • Forfheidhmiú
  - 11. • Rannpháirtíocht Ghnó
  - 13. • Comhlíonadh
  - 15. • Cumaisc
  - 16. • Rialáil
- 17.** **Spríoc Straitéiseach 2**
  - 18. • Comhoibriú le Tomhaltóirí
  - 26. • Oideachas Airgeadais
- 28.** **Spríoc Straitéiseach 3**
  - 29. • Athbhreithniú ar an Margadh agus Taighde
  - 31. • Guth um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
  - 34. • Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara
- 41.** **Spríoc Straitéiseach 4**
  - 42. • Dea-chleachtas san Ionad Oibre
  - 44. • Dea-chleachtas Rialachais
- 49.** **Aguisín 1:** Cairt Eagraíochta
- 50.** **Aguisín 2:** Liosta Cosanta Tomhaltóirí
- 61.** **Aguisín 3:** Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach
- 64.** **Aguisín 4:** Dualgas na hEarnála Poiblí

## 2022 | bhFIGÚIRÍ



**70**

cinntí cumaisc eisithe



**1**

moladh ar chumasc coiscthe



**423**

iniúchtaí gnó ar chomhlíonadh dlí tomhaltóra



**35**

gníomhaíochtaí forfheidhmithe i leith sárúithe ar an dlí um chosaint tomhaltóirí



**705,582**

táirgí contúirteacha a bhaineadh ó mhargadh na hÉireann



**3**

fhógra forfheidhmiúcháin eisithe maidir le táirgí contúirteacha



**9**

athbhreithnithe ar an margadh agus tuarascálacha taighde foilsithe



**654**

rannpháirtíocht chun tacú le hathrú beartais agus reachtaíochta



**794,974**

cuairteoirí chuig ár Uirlisí Airgid ar líne




**32,431**

tomhaltóirí a chuaigh i dteagmháil lenár líne chabhrach



**1**

Rannán eagraíochtúil nua



**57**

poist líonta trasna na heagraíochta

Mar Chathaoirleach Ghníomhach, tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2022 an Coimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) a chur faoi bhur mbráid. Bhí bliain ghnóthach againn i mbliana le go leor athruithe, ach creidim gur éirigh linn dul i ngleic le gach dúshlán agus dul chun cinn a dhéanamh ar ár Ráiteas Straitéise 2021-2023 a chur i bhfeidhm ag an am céanna. Sula labhraim faoi cuid de na príomhthorthaí a bhaineadh amach, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don gCathaoirleach a bhí ann romham, Jeremy Godfrey, a threoraigh ár bhfócas straitéiseach i rith na bliana. Is mór an onóir dom a bheith mar Chathaoirleach Ghníomhach go dtí go dtagann Cathaoirleach nua isteach linn.

Ba bhliain an-dúshlánach í 2022 do thomhaltóirí, agus chuir an ghéarchéim chostais mhaireachtála brú mór ar go leor buiséad teaghlach. Mar fhreagra, chuireamar ár gclár oibre in oiriúint chun díriú ar iomaíocht neamhdhleathach agus cleachtais um chosaint tomhaltóirí a bhfuil éifeacht dhireach acu ar phraghsanna tomhaltóirí. Mar chuid de seo, rinneadh raon leathan cigreachtaí ar an láthair agus ar líne chun comhlíonadh na reachtaíochta um chosaint tomhaltóirí a mheas. Rinneamar scrúdú ar an earnáil breosla mótaí mhiondíola bunaithe ar ghearáin ón bpobal tar éis don Rialtas laghdú sealadach a fhógairt ar an dleacht mháil a ghearrtar ar pheitreal agus ar dhíosal. Chomh maith leis sin, rinneamar raon feachtais faisnéise poiblí i rith na bliana, lena n-áirítear béim a chur ar ár n-Uirlisí Airgid ionas go bhféadfadh tomhaltóirí comhairle neamhchlaonta a fháil maidir lena gcuid airgid a bhainistiú agus na táirgí airgeadais is fearr luach a roghnú dá gcuid riachtanas.

Tá ról tábhachtach ag feidhm athbhreithnithe cumaisc an CCPC chun tomhaltóirí a chosaint agus a chinntiú nach laghdaítear go suntasach an iomaíocht i ndiaidh idirbhirt. D'eisiomar 6 chumasc i seirbhísí airgeadais amháin, d'eisiomar sé chumasc cinntí baincéireachta; tagann siad seo sa bhreis ar an 12 a rinneamar in 2021. Mhúnlaigh luas láidir an athraithe i mbaincéireacht mhiondíola ár bhfreagra d'Athbhreithniú Baincéireachta Miondíola na Roinne Airgeadais, áit ar thugamar chun suntais go bhféadfadh drochthionchar a bheith ag imeacht na mbanc miondíola is mó ar thomhaltóirí agus ar leibhéal na hiomaíochta san earnáil. Tacaímid leis na moltaí ón Athbhreithniú Baincéireachta Miondíola a foilsíodh i mí na Samhna, go háirithe an tiomantas chun straitéis náisiúnta litearthachta airgeadais a fhorbairt.

Rinneamar go leor rudaí don chéad uair i 2022. Chuireamar cosc ar cumasc don chéad uair riamh, mar go laghdódh sé iomaíocht go suntasach. Chuireamar cosc ar phillíur féinbheathaithe do leanaí de dheasca riosca báis nó díobháil thromchúiseach do naíonáin a bhaineann leo. Rinneamar athbhreithniú domhain ar mhargáíocht lucht tionchar na meán sóisialta agus d'éirigh linn trialacha coigiltis iompraíochta a thabhairt chun críche i gcomhpháirtíocht leis an ESRI. Feabhsóidh na moltaí ón dá thuarascáil seo leas na dtomhaltóirí agus táimid ag tnúth lena gcur i bhfeidhm.

Bliain thairbheach a bhí ann freisin i leith forbairt ár gcumhachtaí thar ár bpríomhshainorduithe. Chuireamar fáilte roimh An tAcht Iomaíochta (Leasú)

2022 agus leanamar orainn ag ullmhú dá chur i bhfeidhm. Ba mhí shuntasach í mí na Samhna toisc gur cuireadh An tAcht um Chearta Tomhaltóirí 2022 i bhfeidhm. Is athrú suntasach é an reachtaíocht seo i ndlí um chosaint tomhaltóirí, toisc go dtugann sé cearta, cosaintí agus leigheasanna níos láidre do thomhaltóirí.

Tugadh isteach reachtaíocht freisin i mí na Samhna chun níos mó muiníne a thabhairt do thomhaltóirí as na praghsanna a fheiceann siad le linn tréimhsí sladmhargaidh. Mar thoradh ar ár gcuid oibre tathana, síníodh ceithre Ionstraim Reachtuil isteach sa dlí, a thugann cead dúinn dlí um shábháilteacht táirgí a fhorfhaidhmíú ar bhealach níos éifeachtaí.

Tá idirbhearta digiteacha mar chuid de shaol laethúil go leor tomhaltóirí sa lá atá inniu ann, agus tá sé mar phríomhaidhm ag an CCPC cinntiú go dtacaíonn an tirdhreach rialála le tomhaltóirí. In 2022, bhíomar mar bhall bunaidh den chéad Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha in Éirinn. Is é aidhm an ghrúpa ná cinntiú go gcuirtear reachtaíocht digiteach i bhfeidhm in Éirinn ar bhealach comhsheasmhach agus comhtháite. Rinneamar rannpháirtíocht fairsing freisin chun ullmhú do dhá phiosa reachtaíochta tábhachtacha, an tAcht um Margáí Digiteacha agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha, in 2023.

Laistigh den CCPC, leanamar orainn ag déanamh athbhreithniú ar struchtúir agus cleachtais ionas gur féidir linn freagairt go héifeachtach d'ádhúram fadréimseach. D'fhorbraíomar Rannán Cairtéil neamhspleách le díriú ar infheistíocht a dhéanamh ar sárúithe ar dhlí na hiomaíochta coiriúla agus riaracháin. Chuireamar tús le hathbhreithniú ar ár struchtúr um Chosaint Tomhaltóirí chun athruithe reachtaíochta a tháinig isteach le déanaí a sheachadadh agus chun torthaí tomhaltóirí a fheabhsú. Táimid ag méadú ár nAonad Forbartha Eagrúcháin/Acmhainní Daonna go Rannán, ionas go mbeadh sé ábalta tacaíocht oibriúcháin agus straitéiseach a chur ar fáil don CCPC.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil d'fhoireann an CCPC, is a bhí lena n-iarraicht agus a ndúthracht gur éirigh linn gach rud a bhaint amach in 2022. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach luachmhar ár máthair-Roinne, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Léiríonn taithe an CCPC in 2022 an fis tábhachtach atá againn i gcónaí i leith margáí oscailte agus iomaíochta ina bhfuil tomhaltóirí cosanta agus gnólachtaí in iomaíocht ghníomhach.



Patrick Kenny, Cathaoirleach Eatramhach

# 1



Bainfimid úsáid as ár gcumhachtaí chun forfheidhmiú éifeachtach agus torthaí comhlíonta a sheachadadh.

# 2



Cuirfimid ar chumas tomhaltóirí cinntí eolasacha a dhéanamh trí fhaisnéis a sholáthar faoina gcearta, faoina n-airgeadas pearsanta agus faoi sábháilteacht táirgí.

# 3



Beimid ceannródaíoch maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí agus le hiomaíocht a chur chun cinn.

# 4



Leanfaimid ag infheistiú inár ndaoine, inár rialachas agus inár mbonneagar, ag feabhsú go leanúnach i dtimpeallacht oibre atá ag athrú.



## SPRIOC STRAITÉISEACH 1

Bainfidimid úsáid as ár gcumhachtaí chun forfheidhmiú éifeachtach agus torthaí comhlíonta a sheachadadh.

Díríonn gníomhaíochta sprioc straitéiseach 1 ar na rudaí seo a leanas a sheachadadh:



Torthaí méadaithe ar fud na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe go léir.



Leibhéal agus feiceálacht méadaithe i rannpháirtíocht díreach le gnóthaí chun comhlíonadh a bhaint amach.




Méadú ar líon na n-iniúchtaí agus na sciúradh comhlíonta.



Meánfhráma ama feabhsaithe do chinntí athbhreithnithe cumaisc Chéim 1.

## Iomaíocht

### An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2022

 Lean an CCPC ag tacú le hachtú an Achta Iomaíochta (Leasú) 2022, a thosóidh in 2023. I rith na bliana, rinneamar sé chomhairliúchán poiblí agus d'eagraíomar cruinnithe faisnéise do pháirtithe leasmhara ar riachtanais bheartais nua.

## Cosaint Tomhaltóirí

### Acht um Chearta Tomhaltóirí



Cuireadh An tAcht um Chearta Tomhaltóirí (CRA) i bhfeidhm ar na 29 Samhain 2022. Tugann an reachtaíocht cearta, cosaintí agus leigheasanna níos láidre do thomhaltóirí maidir le hearraí agus seirbhísí. Tá leigheasanna agus cearta nua sa CRA do thomhaltóirí a cheannaíonn seirbhísí agus earraí digiteacha, chomh maith le liosta dubh do théarma agus coinníollacha chonartha éagothroma.

### Reachtaíocht maidir le Pragsáil Táirgí a Leasú<sup>1</sup>



Cuireadh tús leis an reachtaíocht nua maidir le fógraí laghdaithe praghais ar an 28 Samhain 2022. Tugadh isteach é chun níos mó muiníne a thabhairt do thomhaltóirí ar phraghsáil le linn tréimhsí sladmhargaidh. Ní mór do ghnóthai anois an praghas is ísle a bhí ar an táirge na tríocha lá roimhe sin a léiriú sular cuireadh an laghdú praghais reatha i bhfeidhm.

## Sábháilteacht Táirgí



Síníodh ceithre Ionstraim Reachtuil (S.I.) ar Tháirgí Ísealvoltais Sábháilteacht Bréagán, Fearais Gháis agus Trealamh Cosanta Pearsanta<sup>2</sup> isteach sa dlí in 2022. Tugann an reachtaíocht seo seasmhacht níos fearr do chumhachtaí ceadaithe agus fógraí forfheidhmithe an CCPC sna réimsí seo. Mhol an CCPC na hathruithe seo, rud a ligeann dúinn an dlí um shábháilteacht táirgí a chur i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí.

## Rialachán Digiteach



Lean an CCPC ag ullmhú do chur chun feidhme an tAcht Seirbhísí Digiteacha agus an tAcht Margái Digiteacha, rud a thabharfaidh isteach oibleagáidí láidre ar gheatóirí agus ar ardáin an-mhóra ar líne. Áiríodh leis seo teagmháil mhionsonraithe leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an gCoimisiún Eorpach. Chuamar i dteagmháil freisin le comhghleacaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim óna dtaithe ar rialáil dhigiteach lena chinntiú go mbíonn cosaintí ar líne níos láidre ag tomhaltóirí.



<sup>1</sup> S.I. Uimh. 597 ó 2022 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceanglais chun Pragsanna Táirgí a Thaispeáint) (Leasú), 2022.

<sup>2</sup> Clúdaíonn na S.I.anna reachtaíocht a chuireann an CCPC i bhfeidhm mar chuid den Rialachán um Fhaireachas Margaidh (2019/1010).

## Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnlíne don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

**Torthaí méadaithe ar fud na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe go léir.**

Tháinig ionchúiseamh cúirte amháin as coireacht ghluaisteáin chun críche in 2020 agus tháinig 3 ionchúiseamh chun críche in 2022. Lean an CCPC leis an gcur chuige seo de bharr déine na sárúithe ag na trádálaithe gluasteán, lena n-áiríodh stair úinéireachta mícheart a thabhairt, gan léiriú go raibh an carr i dtimpiste bóthair cheana agus míléaiste níos lú a thabhairt don cheannaitheoir. Mar chuid d'imeachtaí 2022 bhí €15,750 mar chúiteamh do na tomhaltóirí a ndearnadh difear dóibh agus €1,750 i bhfíneálacha.

Rinne an CCPC 16 ghníomh forfheidhmithe lasmuigh den Chúirt in 2020 agus 35 in 2022. Glacadh leis na gníomhaíochtaí forfheidhmithe mar an uirlis is oiriúnaí chun treoir a thabhairt do ghnólachtaí cloí leis an dlí. In 2022, eisíodh 12 Fógra Comhlíonta do mhiondioltóirí as phraghsáil míthreorach, eolas mícheart a thabhairt ar conas earraí a thabhairt ar ais agus gan nasc d'Ardán Réitigh Díospóidí ar Líne a bheith acu. Íocadh cúiteamh de €9,600 le tomhaltóirí mar chuid de thrí Fhógra Comhlíonta a d'eisigh an CCPC do choireacht ghluaisteáin in 2022. D'eisigh an CCPC 17 Fógra Íocaíochta Seasta in 2022, agus bhain 15 acu le praghas díola gan a bheith léirithe ar tháirge.

Mar chuid de na príomhghníomhaíochtaí forfheidhmithe, cuireadh cosc ar philiúr féinbheathaithe do leanaí de dheasca riosca báis nó díobháil thromchúiseach do naíonáin. Seirbheáladh dhá fhógra forfheidhmithe ar iompórtálaithe ag iarraidh táirgí a iompórtáil isteach go hÉirinn agus seirbheáladh fógra forfheidhmithe amháin mar chuid de chonclúid an imscrúdaithe ar mhaisc aghaidhe TCP.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## Iomaíocht

### Árachas Gluaisteáin Príobháideach



In 2022, d'fhoilsigh an CCPC an tuarascáil ar ár n-imscrúdú ar chomharthaíocht praghais fhrithiomaíoch san earnáil árachas mótaí príobháideach. Mar thoradh ar an imscrúdú, d'aontaigh AIG, Allianz, AXA, Aviva, FBD agus an AA ar chomhaontú gealltanais leis an CCPC in 2021. Chlúdaigh siad clár comhlíonta inmheánach cuí um dhlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm agus a chothabháil.

### Camastaíl Imthairisceana ar Thairiscintí le haghaidh Iompar Scoile



Eisíodh toghairmeacha chuig triúr amhrastach déag a cúisíodh in 2021. Tháinig na hamhrastaigh ó comhair na Cúirte Dúiche áit ina sheirbheáladh leabhair fianaise. Aistríodh an cheist chuig an bPríomh-Chúirt Choiriúil.

### Dlí na hIomaíochta agus an Cogadh san Úcráin



Tá an CCPC ina bhall den Líonra Eorpach Iomaíochta (ECN), a shonraigh nach ndéanfaidh sé idirghabháil ghníomhach i gcoinne cuideachtaí a bhfuil orthu comhoibriú chun cur isteach ar an ngéarchéim san Úcráin a mhaolú. Thug an ECN rabhadh freisin go ngíomhóidís i gcoinne cuideachtaí ag baint leasa as an ngéarchéim trí chairtéil a dhéanamh nó mí-úsáid a bhaint as a seasamh ceannasach.



## Cosaint Tomhaltóirí

## Poiblí



Tugadh Trí ionchúiseamh mar gheall ar choireacht chairr chun críche:

Fergus O'Donnell, Inclusive Car Sales, Eastát Tionscail na Páirce Thiar, Baile Átha Cliath 12.

- As carr a fhógairt agus a dhíol leis an stair úinéireachta mícheart agus míleáiste níos lú a thabhairt don cheannaitheoir.

Anthony Behan, Ráth Tó, Co. na Mí.

- As dearbhú nach raibh carr i dtimpiste roimhe seo nuair a dhíol sé le tomhaltóir é.

Jordan Black, Co. Cheatharlach.

- As lígeann air gur trádálaí<sup>3</sup> a bhí ann agus gan a bheith soiléir le tomhaltóir faoi mhíleáiste an chairr.

## Fógraí Comhlíonta



Eisíodh dhá fhógra comhlíonta (FC) déag do mhiondíoltóirí maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

- Praghsáil míthreorach: Ceithre FC
- Eolas tuairisceáin míchruinn Sé CN
- Gan nasc d'Ardán Réitigh Díospóidí ar Líne (ODR) a bheith acu: Dhá CN

Fuair an Dublin Mint Office dhá CN as:

- Reachtaíocht agus frámaí ama cealaithe mícheart a bheith ar a suíomh gréasáin
- Gan nasc a bheith acu d'ardán ODR

Fuair Munster Tech trí CN as:

- Frámaí ama míchearta ar a suíomh chun rudaí a thabhairt ar ais
- Costas athstocáilte a chur ar thomhaltóirí chun táirgí a ordáidh ar a suíomh Gréasáin a thabhairt ar ais
- Gan nasc a bheith acu d'ardán ODR

Eisíodh trí CN do thrádálaithe gluasteán maidir le faisnéis bhréagach a sholáthar do thomhaltóirí ar úsáid cairr nó stair roimhe sin. Mar chuid de na gníomhartha forfheidhmithe seo fuair cúigear tomhaltóirí cúiteamh, arbh fhiú €9,600 é.

## Fógraí Íocaíochta Seasta



Eisíodh seacht bhFógra Íocaíochta Seasta déag (FPN) ar ghnóthaí mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Níor léiríodh praghas díola an táirge 15 FPNanna
- Níor léiríodh praghas díolacháin díosal agus/nó peitreal: FPN amháin
- Níor tugadh eolas a bhí ag teastáil de réir reachtaíochta sula n-aontaíonn tomhaltóir ar chianchonradh: FPN amháin

## Gníomhaíochtaí Eile



**Ardáin Mheáin Shóisialta eile:** Bhí an CCPC mar stiúrthóir ar chomhrá foirmiúil le Comhar um Chosaint Tomhaltóirí an AE agus TikTok.

Fuarthas 29 gealltanais maidir le lipéadú fógraí agus ábhar brandáilte, fógraíocht phearsantaithe agus míreanna fíorúla. Tá an CCPC fós ag cinntiú go lipéadaíonn TikTok ábhar tráchtála mar is ceart.



**Scéimeanna Pirimide:** D'eisigh an CCPC rabhadh don phobal maidir le scéim a dhírigh ar phobal na hAfraice mar chuid d'imscrúdú leanúnach.

<sup>3</sup> Deirtear gur trádálaí i mbréagríocht é gnó atá ag lígeann orthu do thomhaltóir gur dhioltóir príobháideach atá iontu. Tá an cleachtas seo coiscthe faoi dhlí na dtomhaltóirí.

## Tacaíocht Fhorfheidhmithe



**Aisleasú na Fraince:** Thacaigh an CCPC le himscrúdú ó Údarás na Fraince um Chosaint Tomhaltóirí (DGCCRF)) trí:

- Eolas a sholáthar do ghearánaigh nuair a d'iarr an DGCCRF
- An DGCCRF a uasdátú ar fhadhbanna a tháinig ó ghearáin
- Breis cáipéisíochta a sheoladh chuig an DGCCRF ar iarratas na ngearánach
- Uasdátaithe a thabhairt ar ghearáin arna údarú ag an DGCCRF

In 2022, d'fhreagair an CCPC 63 ceist ó ghearáin agus MEPeanna. D'fhoilsigh an CCPC nuashonrú ón DGCCRF i mí na Nollag maidir le stádas a n-imscrúdaithe agus na céimeanna eile gur féidir le hÉireannaigh le réadmhaoin aisléasú sa bhFrainc acu a thógáil.



**Crannchuir SAM:** Thacaigh an CCPC leis an Federal Trade Commission chun tomhaltóirí in Éirinn a chúiteamh mar thoradh ar a gníomh forfheidhmithe crannchuir.

## Sábháilteacht Táirgí

### Cosc ar Tháirge



Chuir an CCPC cosc ar philiúr féinbheathaithe do leanaí de dheasca an riosca báis nó díobháil thromchúiseach do naíonáin a bhaineann leo. D'oibríomar go dlúth le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus d'eisiomar fógraí do ghnóthais agus do thomhaltóirí chun stop a chur láithreach lena ndíol nó lena n-úsáid.

### Fógraí Forfheidhmiúcháin



Seirbheáladh dhá fhógra forfheidhmithe ar allmhaireoirí ag iarraidh táirgí contúirteacha a thabhairt go hÉirinn, a tháinig ó na tarchuir a fuair an CCPC ó Chustaim. Seirbheáladh fógra forfheidhmithe amháin mar chuid de chonclúid ár n-imscrúdaithe ar mhaisc aghaidhe trealaimh chosanta pearsanta (TCP).

## Gníomhaíochtaí Custam



Níor cuireadh 6,000 táirgí leictreacha agus bréagán contúirteacha ar na seilfeanna ar an iomlán ar mhargadh na hÉireann mar thoradh ar obair an CCPC agus Custaim,

## Faireachas Margaidh



Baineadh 705,582 táirgí contúirteacha san iomlán ó mhargadh na hÉireann mar gheall ar obair réamhghníomhach faireachais margaidh an CCPC. Áiríodh leis sin 250,000 masc aghaidhe contúirteacha, a bhí mar chuid den gníomh forfheidhmithe TCP a tugadh chun críche in 2022.

## Fógraí maidir le Táirgí Contúirteacha



Rinne an CCPC imscrúdú ar 104 fógra ó Éirinn agus ar fud na hEorpa maidir le táirgí contúirteacha. Mar thoradh air seo baineadh ó aistarraingíodh os cionn 21,000 ó mhargadh na hÉireann. Áiríodh leis seo aistarraingt éigeandála trasna na hEorpa ar bhréagán 'Gobán Coganta Muisiriúin' do leanaí.

## Gníomhaíocht Geata Sábháilteachta



Lean an CCPC ag bainistiú fógraí Geata Sábháilteachta an AE maidir le táirgí contúirteacha, a mhéadaigh 100% ó 2021. I rith na bliana, d'oibrigh an CCPC le 18 n-údarás um faireachas margaidh (MSA) maidir le measúnú riosca agus bearta ceartaitheacha, inár ról mar an MSA ceannaireachta in Éirinn.

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

**Leibhéal mhéadaithe agus infheictheacht de rannpháirtíocht dhíreach le gnólachtaí chun comhlíonadh a bhaint amach.**

D'fhoilsigh an CCPC 3 threoirlíne<sup>4</sup> le haghaidh gnóthaí in 2020 agus seacht dtreoirlínte in 2022. Chlúdaigh na foilseacháin in 2022 an reachtaíocht um chearta tomhaltóirí ar cuireadh tús léi i rith na bliana, an tAcht um Chearta Tomhaltóirí 2022 agus na Rialacháin Leasaitheacha um Phraghsáil Táirgí.

Seoladh aon mheabhrúchán déag chuig gnólachtaí maidir lena n-oibleagáidí in 2020 agus seoladh 315 mheabhrúchán in 2022. Áiríodh leis seo 175 litir a chur chuig gnó ag leagan amach na ceanglais nua de na Rialacháin Leasaitheacha um Phraghsáil Táirgí. Scríobh an CCPC go 77 gnó chun meabhrú a thabhairt dóibh faoina n-oibleagáidí SEPA le linn 2022. Thacaigh rannpháirtíocht an CCPC in 2022 le 59 gníomh comhlíonta deonach ó ghnólachtaí. Bhí an CCPC gníomhach freisin le 24 ardán ar líne ar an Rialachán Ardán go Gnó chun tacú le comhlíonadh.

D'fhreagair an CCPC do 84 gnó ar raon leathan ábhar cosanta tomhaltóirí agus do 37 gnólacht chun tacú lena dtuiscint ar a gcuid riachtanas dlíthiúil maidir le sábháilteacht táirgí.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

### Iomaíocht

#### Géarchéim san Úcráin



D'fhoilsigh an CCPC meabhrú do gach gnó ar conas cloí le dlí na hiomaíochta agus a gcuid praghsanna á socrú le linn ghéarchéim na hÚcráine.

#### Comhdháil Soláthar Poiblí Éireann



Bhí an CCPC mar phríomhchainteoir ag comhdháil bhliantúil 2022, inár dhírigh ár gcur i láthair ar chamastáil imthairisceana i soláthar poiblí.

#### An Foras Riaracháin



Rinne an CCPC trí chur i láthair ar chairtéil agus ar chamastáil imthairisceana mar chuid de Theastas an Fhorais Riaracháin (IPA) i Soláthar Poiblí.



<sup>4</sup> Forbraíodh na treoirlínte do ghnólachtaí a d'fhoilsigh an CCPC in 2020 agus in 2022 chun tacú le gnólachtaí a bhfreagrachtaí dlíthiúla a thuiscint. Níl sé i gceist go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais maidir le treoirlínte gnó atá leagtha amach in Alt 90 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 agus ní féidir iad a mheas mar chomhairle dlí.

## Cosaint Tomhaltóirí

### An tAcht um Chearta Tomhaltóirí



Mar chuid de chur i bhfeidhm na reachtaíochta, d'fhoilsigh an CCPC faisnéis do ghnólachtaí chun cabhrú leo cloí leis na ceanglais nua maidir le táirgí a dhíol, seirbhísí, seirbhísí digiteacha agus téarmaí conartha éagóracha.

### Rialacháin Praghsála Táirgí a Leasú



Mar chuid de chur i bhfeidhm na reachtaíochta, d'fhoilsigh an CCPC treoir ar fhógraí laghdaithe praghais agus d'eisigh sé 175 litir chuig gnólachtaí ag cur síos ar na riachtanais nua.

### Rialachán Ardán go Gnó



Bhí an CCPC gníomhach le 24 ardán ar líne ar an Rialachán Ardán go Gnó (P2B). Mar thoradh ar ár gcuid oibre, tháinig feabhas ar chomhlíonadh rialacháin.

### Coireacht chairr



I ndiaidh roinnt imscrúdaithe gan choinne, d'fhoilsigh an CCPC rabhadh do thrádálaithe cairr i gCúige Mumhan, Co. an Chabháin, Co. Mhuineacháin, Co. Mhaigh Eo agus Co. Shligigh ag léiriú a gcuid oibleagáidí faoi dlí um chosaint tomhaltóirí. D'fhoilsigh an CCPC treoir chun an próiseas forfheidhmithe a mhíniú do thomhaltóirí nuair a dhéanann siad gearán leis an CCPC.

### Géarchéim san Úcráin



D'fhoilsigh an CCPC meabhrú do gach gnó ar conas cloí le dlí um cosaint tomhaltóirí agus a gcuid praghsanna á socrú le linn ghéarchéim na hÚcráine.

### Ceisteanna maidir le Cosaint Tomhaltóirí



D'fhreagair an CCPC 84 fiosrúchán ó ghnólachtaí chun aghaidh a thabhairt ar raon leathan ábhar cosanta tomhaltóirí. Mar chuid de seo, bhuaileamar le gnóthaí agus thugamar freagra ar a gceisteanna i scríbhinn.

## Sábháilteacht Táirgí

### Ceisteanna maidir le Sábháilteacht Táirgí



Chuaigh an CCPC i dteagmháil le 37 gnólacht chun tacú lena dtuiscint ar shábháilteacht táirgí agus chun comhlíonadh feabhsaithe a éascú. Mar chuid de seo, bhuaileamar le gnóthaí agus thugamar freagra ar a gceisteanna i scríbhinn.



### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

**Méadú ar líon na n-iniúchtaí agus na sciúradh comhlíonta.**

Rinne an CCPC 191 iniúchadh in 2020 agus 605 iniúchadh in 2022. Chlúdaigh na cigireachtaí comhlíonta gnó in 2022 cuairteanna gan choinne ar áitribh ghnó agus mhiondiola, scuabadh ar líne agus iniúchtaí le Custaim.

In 2022, mar chuid na príomhgníomhaíochtaí cosanta tomhaltóirí, rinneadh monatóireacht margaidh ar chleachtas stáisiúin díosal maidir le taispeáint praghas ar 277 stáisiún breosla agus 20 cuairt gan choinne ar thrádálaithe gluasteán. Rinne an CCPC 76 iniúchadh ar an láthair ar chomhlíonadh na Rialachán Leasaitheach um Phraghsáil Táirgí. Rinneadh 50 iniúchadh ar líne ar an iomlán, rud a d'fhág gur ceartaíodh 141 sárú as iomlán de 194.

Mar chuid d'obair sábháilteachta táirge an CCPC in 2022, rinneadh 128 imscrúdú fisiceach agus 54 imscrúdú ar líne ar tháirgí. Rinneadh iniúchadh freisin ar éadaí, bréagáin agus táirgí leictreacha mar chuid d'fhócas sábháilteachta Oíche Shamhna agus na Nollag.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

### Iomaíocht



D'eisigh an CCPC sé litir rabhaidh chuig gnólachtaí ag meabhrú dóibh a gcuid oibleagáidí faoi dhlí na hiomaíochta.

### Cosaint Tomhaltóirí

#### Iniúchtaí ar an Láthair



Rinne an CCPC 76 iniúchadh ar ghnóthaí agus stáisiúin peitreal trasna na tíre, chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíonadh maidir le praghsáil aonaid agus na Rialacháin Leasaitheacha um Phraghsáil Táirgí.

#### Iniúchtaí ar Líne



Rinne an CCPC imscrúdú ar líne ar 50 gnólacht, áit ar aithníodh 194 sárú ar raon leathan dlí um chosaint tomhaltóirí. Chuaigh an CCPC i dteagmháil leis na gnóthaí maidir lena n-oibleagáidí agus rinneadh ath-iniúchadh ar 49 gnó. Ag deireadh 2022, ceartaíodh 141 de na sáruithe agus bhí 47% de ghnóthais comhlíontach nó leath-chomhlíontach.

#### Praghsanna Breosla



Rinne an CCPC monatóireacht margaidh ar chleachtas stáisiúin díosal maidir le taispeáint praghas ar 277 stáisiún breosla mar chuid de fhreagra an CCPC ar an nGéarchéim Costas Maireachtála.

#### Coireacht chairr



Rinne an CCPC 20 iniúchadh ar thrádálaithe gluasteán ar fud na tíre. Bhí na trádálaithe seo ina n-ábhar gearáin chuig an CCPC nó bhíomar ag gníomhú ar fhaisnéis ó pháirtithe leasmhara san earnáil. Fuair an CCPC cabhair le linn na gcuardach ó Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch.

## Idirghabhálaithe Carrchíosa



Rinne an CCPC athbheithniú ar shuíomhanna gréasáin na gceithre sholáthraí seirbhíse idirghabhálaí carrchíosa in Éirinn, mar chuid de chuardach ar fud an AE chun comhlíonadh na gceanglas cosanta tomhaltóirí a mheas. Fiosrúchán leanúnach a bhí sa chuardach ag deireadh 2022.

## Patrúin Dorcha<sup>5</sup>



Rinne an CCPC athbheithniú ar 16 shuíomh Gréasáin in Éirinn mar chuid de chuimsiú ar fud an AE ar phatrúin dorcha. Dúnadh an t-imscrúdú i 2022.

## WhatsApp



Chuir an CCPC tú le gníomh comhordaithe le Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne (Konsumentverket) agus An Coimisiún Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi conas a nuashonraíonn WhatsApp a Théarmaí Seirbhíse agus a Bheartas Priobháideachta.

## Sábháilteacht Táirgí

### Iníúchtaí ar an Láthair agus ar Líne



Rinne an CCPC 54 imscrúdú ar líne ar tháirgí agus 128 imscrúdú fisiceach in 2022. Mhéadaigh na himscrúdaithe a rinneamar ar an láthair faoi 91% i gcomparáid le 2021. Mar chuid den obair, seoladh 41 táirge go saotharlanna le haghaidh tástála sábháilteachta táirgí.

### Sábháilteacht ar Oíche Shamhna



Rinne an CCPC imscrúdú ar fheisteach Oíche Shamhna 14 miondioltóir sa Mhuileann gCearr, i mBaile Átha Luain agus i gCill Chainnigh. Mar thoradh ar seo, aistarraingíodh dhá tháirge contúirteach láithreach. Thugamar seicliosta do gach miondioltóir a léirigh n-oibleagáidí faoi na Rialacháin um Shábháilteacht Bréagán.

## Sábháilteacht ag am Nollag



Rinne an CCPC imscrúdú ar 42 táirge maidir le comhlíonadh i margadh na Nollag ar Shráid Anraí i mBaile Átha Cliath, le fócas ar bhréagáin agus táirgí leictreacha. Thugamar seicliostaí táirgí do na trádálaithe ag mionsonrú a bpríomhoibleagáidí.

## Athbheithnithe maidir le Sábháilteacht Táirgí



Fuair an CCPC 146 gearán agus atreorú faoi shábháilteacht táirgí in 2022. D'oscail agus rinneamar imscrúdú ar 46 cás agus dhúnamar 26 cás tar éis comhlíonadh deonach ón ghnó.



<sup>5</sup> Is éard atá i bpatrúin dorcha ná gnéithe dearcadh a dhoiléiríonn d'aon ghnó, a chuireann amú, a chuireann iallach agus/nó a mheallann cuairteoirí ar an suíomh Gréasáin chun roghanna neamhbheartaithe a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a dhéanamh.

## Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:


#### Meánfráma ama feabhsaithe do chinntí athbheithnithe cumaisc Chéim 1.

Ba é an meán-am próiseála do Chéim 1/Cumaisc gan ghealltanais ná 19 lá in 2020 agus 17.9 lá in 2022. Thacaigh an Gnáthamh Simplithe um Fhógairt Cumaisc leis an CCPC an fráma ama le haghaidh cinntí cumaisc a laghdú in 2022.

D'éisigh an CCPC seachtó cinntí cumaisc in 2022. Bhí athbheithniú leathnaithe ar Chéim 1 ag teastáil le haghaidh 18 n-imschrúdú san iomlán agus imscrúduithe Céim 2 a bhí i seacht gcinn eile. Cuireadh cosc ar éadail mholta amháin, NaviCorp le Uniphar, toisc go gcreideadh go laghdódh sé iomaíocht go suntasach.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## CUMAIISC 2022 - UIMHREACHA DE RÉIR EARNÁLA



- Fuair an CCPC seasca hocht fógraí maidir le cumaisc in 2022. D'éisigh an CCPC seachtó cinntí cumaisc in 2022. Ba é an Gnáthamh Simplithe um Fhógairt Cumaisc (SMNP) ba chúis le 55% na cinntí seo.
- Lean líon na gcumasc casta a mheasúnaigh an CCPC ag méadú. B'ionann iad agus 25% de na cinntí seo in 2022, ina raibh 18 n-athbheithniú leathnaithe ag teastáil ar Chéim 1 agus Céim 2 a bhí i seacht gcinn eile.
- Chuir an CCPC cosc ar éadail NaviCorp le Uniphar, toisc go gcreideadh go laghdódh sé iomaíocht go suntasach.
- Tarraingíodh ceithre fhógra cumaisc siar de thoradh ar imní ón CCPC maidir le iomláine an eolais a bhí tugtha ag na páirtithe.

- Níor lean East Cork Oil leis an éadáil mholta ar Misty Lane tar éis réamhchonclúid an CCPC go mbeadh seans ann go laghdóidh sé an iomaíocht go suntasach i margaí geografacha áirithe.
- Ghlan an CCPC ceithre fhógra cumaisc le gealltanais dul i ngleic le himní faoi iomaíocht:
  - Synch Payment Joint Venture (AIB, Banc na hÉireann, PTSB)
  - Banc na hÉireann/Sócmhainní áirithe de KBC
  - Tesco Éireann/Ollmhargaí na Seoigheach
  - BWG/McCarrick Brothers Wholesale



### SEPA



Chun tacú le tomhaltóirí a gcuntas reatha a aistriú mar gheall ar imeacht Banc Uladh agus KBC, scríobh an CCPC chuig 77 gnó sna hearnálacha teileachumarsáide, fuinnimh agus dramhaíola ag meabhrú a ndualgais SEPA dóibh.

### Réiteach Malartach Díospóide



Chuir an CCPC tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2022 ag tabhairt forbheathnú ar ghníomhaíochtaí na gceithre eintiteas um Réiteach Malartach Aighnis (ADR) a cuireadh in iúl don CCPC ó 2018 go 2021. Tá an Treoir ADR á athbheithniú faoi láthair ag an gCoimisiún Eorpach agus tá an CCPC i mbun an phróisis seo mar chuid dá bhallaíocht sa ghrúpa oibre ADR.

### Idirghabhálaithe Creidmheasa



Mar chuid de freagrachtaí idirghabhálaithe creidmheasa an CCPC, d'eisíomar 910 údarú idirghabhálaí creidmheasa in 2022 mar aon le trí cheadúnas geallbhróicéara.





## SPRIOC STRAITÉISEACH 2

Cuirfimid ar chumas tomhaltóiricintí eolacha a dhéanamh trí fhaisnéis a sholáthar faoina gcearta, faoina n-airgeadas pearsanta agus faoina sábháilteacht táirgí.

Díríonn gníomhaíochta sprioc straitéiseach 2 ar na rudaí seo a leanas a sheachadadh:



Rannpháirtíocht mhéadaithe le tomhaltóirí ag baint úsáide as ár gcuid bealaí cumarsáide agus cláir go léir.



Teacht agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta méadaithe.



Feasacht eagraíochtúil mhéadaithe (tomhaltóirí agus gnólachtaí).

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise: Rannpháirtíocht mhéadaithe le tomhaltóirí ag baint úsáide as ár gcuid bealaí cumarsáide agus cláir go léir.

Chuaigh 43,642<sup>6</sup> tomhaltóir i dteagmháil leis an líne cabhrach in 2020 agus 32,431<sup>7</sup> tomhaltóir in 2022. In 2020, tháinig borradh suntasach faoi éileamh an líne cabhrach de bharr Covid-19. Léiríonn méideanna na líne cabhrach in 2022 nach bhfuil an phaindéim ina phríomhchúis teagmhála a thuilleadh.

Bhain 58% de na ceisteanna ar an iomlán leis an cúig chatagóir mó. Ba é Earraí agus Seirbhísí Lochtacha an catagóir is mó, le 5,469 ceisteanna ar an iomlán, a bhí bunaithe go príomha ag fadhbanna le gluasteáin athlámhe.

Bhain 9% de theagmhálacha foriomlána an CCPC in 2022 le táirgí agus seirbhísí airgeadais phearsanta. Ba é Morgáistí agus Scaoileadh Cothromais an chatagóir airgeadais phearsanta ba mhó, a bhí bunaithe go príomha ar ghlaochanna a bhí ag lorg faisnéise faoi iarratas a dhéanamh ar mhorgáiste.


*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

### Líne chabhrach



Tacaíonn líne chabhrach an CCPC le tomhaltóirí trí fhaisnéis a sholáthar dóibh ar chearta tomhaltóirí agus ar tháirgí airgeadais phearsanta. Seolann an líne cabhrach gearáin a d'fhéadfadh a bheith ina sárúithe dlí chuig ár Rannáin Forfheidhmithe chun eolas

### LÍNE CHABHRACH - CEISTEANNA TOMHALTÓIRÍ IS COITIANTA




B'ionann na cúig chatagóir ba mhó agus 58% de na teagmhálacha iomlána leis an líne chabhrach in 2022. Ba é an príomhchatagóir ná Earraí agus Seirbhísí Lochtacha, a bhí bunaithe go príomha ag fadhbanna le gluasteáin athlámhe.



<sup>6</sup> In ionann 43,642 agus meastachán CCPC ar líon na gcásanna a cruthaíodh in 2020 bunaithe ar an 48,603 teagmháil a rinneadh leis an líne cabhrach in 2020.

<sup>7</sup> Athraíodh gnáthaimh an CCPC maidir leis an tsli a rinneadh taifead ar theagmháil leis an líne cabhrach trí ríomhphost in 2021, a chiallaíonn go ndéantar tomhaltóirí a sheolann ríomhphoist iolracha chuig an CCPC ar an ábhar céanna a rangú anois mar theagmhálaí amháin. Roimhe seo, taifeadadh gach ríomhphost a fuarthas mar theagmhálaíthe. Agus an modh roimhe seo á chur i bhfeidhm chun teagmhálacha ríomhphoist a thaifeadadh, taifeadadh 8,306 teagmháil ríomhphoist in 2022, rud a chuir le 37,225 teagmháil san iomlán.

## LÍNE CHABHRACH - NA PRÍOMH CHEIST AIRGEADAIS PHEARSANTA




Bhain 9% dár dteagmhálacha foriomlána in 2022 le táirgí agus seirbhísí airgeadais phearsanta. Ba é Morgáistí agus Scaoileadh Cothromais an chatagóir ba mhó, a bhí bunaithe go príomha ar ghlaochanna a bhí ag lorg faisnéise faoi iarratas a dhéanamh ar mhorgáiste.

## AISEOLAS Ó GHLAOITEOIRÍ CHUIG ÁR LÍNE CHABHRACH.

“Bhí do fhreagra cuimsitheach ní b’fhearr ná mar a shíl mé a bheadh. Pléifidh mé an scéal leis an gnó, mar a mhol tú agus déanfaidh mé níos mó más gá.”

## LÍNE CABHRACH - CATAGÓIRÍ IS MÓ DE RÉIR TOMHALTÓIRÍ



B’ionann na deich gcatagóir ba mhó agus 70% de na teagmhálacha iomlána leis an líne chabhrach in 2022. Ba é Feithiclí agus Iompar an phríomhchatagóir, a bhí bunaithe go príomha ag fadhbanna le gluasteáin lochtacha agus athlámhe.

“Tá do fhreagra fós le réiteach - neamhghnách aon uair ach go háirithe na laethanta seo. Tá moladh ag dul duit as do chuid críochnúlachta agus do thiomantas.”

## Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

## Beart Straitéise:

**Rannpháirtíocht mhéadaithe le tomhaltóirí ag baint úsáide as ár gcuid bealaí cumarsáide agus cláir go léir.**

Ba é líon na gcuartheanna ar ccpc.ie ná 1,940,556 in 2020 agus 2,184,940 in 2022. Bhain an CCPC an fás seo amach i dtrácht an tsuímh Ghréasáin trí ábhar a athnuachan go leanúnach, eispéireas an úsáideora a fheabhsú agus ardrangú a bhaint amach le hinnill chuardaigh. Méadaigh líon sintiúsóra nuachtlitir ar líne an CCPC freisin ó 6,836 in 2020 go 8,492 in 2022. Bá é ráta oscailte na nuachtlitreach in 2022 ná 46%, atá i bhfad níos airde ná an meánráta oscailte de 19.4%.

In 2022, ba é Uirlisí Airgid an CCPC an chuid den suíomh leis an líon cuairteanna is mó arís, le 794,974 cuairt agus 675,194 úsáid. I rith na bliana, cruthaíodh 23 leathanach gréasáin nua agus foilsíodh 65 scéal nuachta ar bhonn leanúnach chun an pobal a thabhairt cothrom le dáta faoina gcearta tomhaltóirí agus chun faisnéis airgeadais phearsanta a sholáthar dóibh.


*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## Suíomh Gréasáin



Soláthraíonn an CCPC raon leathan faisnéise ar líne ar chearta tomhaltóirí agus airgeadas pearsanta. Áirítear leis sin tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta nuair a cheannaíonn siad earraí agus seirbhísí. Cabhraíonn ár nUirlisí Airgid le tomhaltóirí na táirgí airgeadais is oiriúnaí dóibh a aimsiú. Tacaíonn ár n-áireamháin Uirlisí Airgid ar líne le tomhaltóirí a n-airgeadas a rianú agus a gcuid airgid a bhainistiú.

## CEARTA TOMHALTÓIRÍ - LEATHANAIGH GRÉASÁIN IS COITIANTA




Chruthaigh an CCPC 14 leathanach gréasáin nua chun na hathruithe a tharla ar chearta tomhaltóirí i rith na bliana a léiriú. Áiríodh leis seo rannóg nua um Chearta Tomhaltóirí a chruthú, ionas gur féidir le tomhaltóirí a gcearta nua agus níos láidre faoin Acht um Chearta Tomhaltóirí 2022 a thuiscint go tapa.

D'fhoilsíomar 37 scéal nuachta chun tomhaltóirí a choinneáil ar an eolas thar raon leathan réimsí. Ba é an cúig scéal is mó ná:

- An tAcht um Chearta Tomhaltóirí
- Do chearta nuair nach nglacann gnó le hairgead tirim
- Cad iad na cearta atá agam má chaillim eitilt?
- Ceardaithe a fhostú
- Praghsáil agus an dlí in Éirinn

## AIRGEADAS PEARSANTA - LEATHANAIGH GRÉASÁIN IS COITIANTA




In 2022, chruthaigh an CCPC naoi leathanach gréasáin airgeadais phearsanta nua dár Mol Airgid. Forbraíodh rannóg nua mar chuid den obair seo faoi Aistriú Bainc, do chustaiméirí cuntais reatha Bhanc Uladh agus KBC a bhí ag aistriú go soláthraí nua i rith na bliana. D'fhoilsíomar 28 scéal nuachta ar chúrsaí airgeadais phearsanta.

Ba iad ár gcúig scéal nuachta airgeadais phearsanta is mó ná

- Conas cárta creidmheasa a athrú
- Cathain ar cheart dom árachas taistil a cheannach?
- Taighde maidir le cuntas reatha a athrú
- Ag briseadh suas le do bhanc?
- An bhfuil pinsean bunaithe agat fós?

Bhí 11,080 amharc ar leabharlann fiseán airgeadais phearsanta an CCPC, méadú 30% ó 2021. Le linn na bliana, chruthaíomar 3 fiseán ar ár suíomh gréasáin ag míniú criptea-airgeadra a chlúdaigh 'Crypto a thuiscint', 'luaineacht i Crypto' agus 'Crypto Camscéimeanna'. Nuashonraíomar an t-ábhar ar an suíomh gréasáin faoi Ceannaigh Anois Íoc Ar Ball (BNPL) le dhá fiseán ag míniú cad é 'Cad é BNPL?' agus 'Táillí BNPL'. Léiríodh na fiseáin i gcomhar leis An Roinn Airgeadais agus Banc Ceannas na hÉireann mar chuid de Phlean Gníomhaíochta Ireland for Finance.

## UIRLISÍ AIRGID - LEATHANAIGH GRÉASÁIN IS COITIANTA



In 794,974, ba é Uirlisí Airgid an CCPC an chuid dár suíomh leis an líon cuairteanna is mó arís, le 675,194 cuairt agus 2022 úsáid in 2022. Cuireadh Money Jar, bunq, Revolut agus Comhair Creidmheasa CUSOP<sup>8</sup> (MYCU mar is fearr aithne) leis an uirlis cuntas reatha mar soláthróirí nua. Cuireadh Revolut leis an uirlis iasachta phearsanta freisin. In 2022, baineadh 40% de na táirgí ó Uirlisí Airgid nuair a d'fhág Banc Uladh agus KBC an Earnáil Baincéireachta.

## Nuachtlitir an CCPC agus Aoine CCanna

Bá é ráta oscailte nuachtlitir mhíosúil ar líne CCPC do thomhaltóirí ná 46%, atá i bhfad níos airde ná an meánráta oscailte de 19.4% don earnáil phoiblí/pholaitiúil<sup>9</sup>.

Ba iad na cúig alt is fearr a bhí againn in 2022 ná:

- Do chearta nuair nach nglacann gnó le hairgead tirim
- Cathain ar cheart dom árachas taistil a cheannach?
- Ceardaithe a fhostú
- Cad a tharlaíonn má chaillim eitilt de dheasca moilleanna aerfoirt?
- Cad é an t-eolas atá de dhíth orm roimh saoire a chur in áirithe?

Cad iad na cearta atá agam má chailltear nó má chuirtear moill ar mo bhagáiste? Ba iad an cúig alt is fearr in 2022 ná:

- Cad é an t-eolas atá de dhíth orm roimh saoire a chur in áirithe?
- Cad iad na cearta atá agam má chailltear nó má chuirtear moill ar mo bhagáiste?
- Cad iad na cearta atá agam agus mé ag tabhairt earraí ar ais?
- Cén áit gur féidir liom tosú chun mo chuid airgid a bhainistiú níos fearr?
- Cad iad na roghanna atá agam má tá mo theach gann ar árachas?

<sup>8</sup> Tugann CUSOP (Payments) Limited ardán iocaíochtaí aonair inar féidir le Comhair Chreidmheasa rannpháirteacha seirbhísí iocaíochta leictreonacha a sholáthar dá gcomhaltai. Is eagraíocht neamhbhrabúis í an CUSOP atá údaraithe agus rialaithe ag Banc Ceannas na hÉireann.

<sup>9</sup> Monatóir Feachtais 2022 Tuarascáil ar Thagarmharc Margaíocht Riomhphoist

## Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

#### Teacht agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta méadaithe.

In 2020, rinne an CCPC 11 fheachtas ag baint úsáide as bealaí meán sóisialta. Shroich na feachtais seo 21,029,353 tomhaltóir ar na meáin shóisialta agus léirigh 3,096,457 tomhaltóir spéis iontu. In 2022, rinne an CCPC seacht bhfeachtas ag baint úsáide as bealaí meán sóisialta. Shroich na feachtais seo 13,580,064 tomhaltóir ar na meáin shóisialta agus léirigh 1,830,121 tomhaltóir spéis iontu.

Bhí an líon is mó cuairteanna ag suíomh gréasáin an CCPC le linn feachtas Uirlisí Airgid le 65,271, bhí an cumhacht is mó ag na meáin shóisialta ag an feachtas faoi conas Cuntas Reatha a Aistriú le 3,330,003; agus bhí an méid is mó rannpháirtíochta ag an bhfeachtas Conas a Bheith Go Maith le Chuid Airgid le 692,459.

Rinne an CCPC 13 fheachtas meán in 2022 a chlúdaigh raon leathan réimsí cosanta tomhaltóirí, airgeadas pearsanta agus sábháilteacht táirgí. I measc na bhfeachtas is mó bhí Cuntas Reatha a Athrú, Pleanáil Pinsin, Aoine Mhór na Siopadóireachta, Neadacha Linbh agus Málaí Codlata, Clogaid CLG agus Piliúr Féinbheathaithe do Leanaí.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*


## Feachtais Tomhaltóra




Bhí ocht bhfeachtas ag an CCPC in 2022, agus d'úsáideamar raidió agus/nó na meáin shóisialta chun ár sprioclucht féachana a shroicheadh. Léirimar gur cheart do thomhaltóirí cuairt a thabhairt ar [ccpc.ie](http://ccpc.ie) chun tuilleadh eolais a fháil. B'ionann na cuairteanna agus 13% de thrácht shuíomh gréasáin an CCPC in 2022.

FEACHTAS	SCÁLA AMA	PRÍOMHTHEACHTAIREACHT
<b>CEARTA TOMHALTÓIRÍ</b>		
<b>Ceartha Tomhaltóirí</b>	Mí Iúil	Le cur in iúl do thomhaltóirí go bhfuil cearta acu má bhíonn fadhb acu le ceannach.
<b>Ceannach Ar Líne</b>	Mí na Samhna/ Nollaig	Le cur in iúl do thomhaltóirí go bhfuil cearta acu má bhíonn fadhb acu le ceannach ar líne.
<b>AIRGEADAS PEARSANTA</b>		
<b>Uirlisí Airgid</b>	Eanáir	Chun uirlisí airgid an CCPC a chur chun cinn le tomhaltóirí mar uirlisí saor in aisce, neamhchlaonta agus éasca le húsáid dóibh siúd ar mhaith leo a gcuid airgid a bhainistiú níos fearr.
<b>How to Be Good with Money de chuid RTÉ One</b>	Eanáir/ Feabhra	Chun eolas ar Mhol Airgid an CCPC agus ról airgeadais phearsanta an CCPC a chur chun cinn le linn Sraith 4 den chlár teilifíse ar RTÉ One <i>How to Be Good with Money</i>
<b>Uirlis Airgid le haghaidh Cuntais Reatha</b>	Bealtaine/ Meitheamh	Chun sealbhóirí cuntais reatha Bhanc Uladh a chur ar an eolas gur féidir leo Uirlisí Airgid CCPC a úsáid chun soláthraí eile a aimsiú.
<b>Cuntas Reatha a Athrú</b>	Mí Lúnasa/ Mí Mheán Fómhair	Chun a chur in iúl do shealbhóirí cuntais reatha Banc Uladh agus KBC go gclúdaíonn an fhaisnéis i Mol Aistrithe CCPC an t-eolas a bhfuil uathu maidir le cuntas reatha nua a bhunú.


## TIONCHAR FEACHTAIS TOMHALTÓRA - CUAIRTEANNA AR CCPC.IE



## FEACHTAIS TOMHALTÓIRÍ - CUMHACHT NA MEÁIN SHÓISIALTA<sup>10</sup>



## FEACHTAIS TOMHALTÓIRÍ - RANNPHÁIRTÍOCHT SNA MEÁIN SHÓISIALTA<sup>11</sup>



<sup>10</sup> Ní bhaineann an córas méadrach seo leis an bhfeachtas ar Uirlisí Airgid, toisc gurb é raidió an t-aon meán a úsáideadh chun cuairteanna ar an suíomh gréasáin a mhéadú go leathanach lamairne Uirlisí Airgid an CCPC.

<sup>11</sup> Ní bhaineann an córas méadrach seo leis an bhfeachtas ar Uirlisí Airgid, toisc gurb é raidió an t-aon meán a úsáideadh chun cuairteanna ar an suíomh gréasáin a mhéadú go leathanach lamairne Uirlisí Airgid an CCPC.

## Rannpháirtíocht na Meán



Rinne an CCPC 47 n-agallamh náisiúnta agus 27 n-agallamh réigiúnacha thar raon réimsí le linn 2022. Mar chuid dár ngníomhaíocht bhí 13 fheachtas meán cumarsáide chun faisnéis a thabhairt chun suntais ar réimsí agus ar cheisteanna tráthúla.

### FEACHTAIS NA MEÁN 2022

FEACHTAS	SCÁLA AMA	PRÍOMHTHEACHTAIREACHT
<b>CEARTA TOMHALTÓIRÍ</b>		
<b>Earraí Lochtacha agus Earraí a thugadh ar ais Eanáir</b>	Eanáir	Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta maidir le táirgí a thabhairt ar ais tar éis na Nollag agus brontanais lochtacha.
<b>Lá um Chearta Tomhaltóirí an Domhain</b>	Mí an Mhárta	Le béim a chur ar chearta tomhaltóirí thar roinnt príomhréimsí, lena n-áirítear siopadóireacht ar líne, earraí lochtacha, taisteal agus conas gearán a dhéanamh.
<b>Aoine Mhór na Siopadóireachta</b>	Mí na Samhna	Feasacht ar na rialacháin nua um laghdú praghais a spreagadh i measc lucht gnó agus a chinntiú go bhfuil tomhaltóirí ar an eolas faoina gcearta agus a gcosaintí nua do thomhaltóirí.
<b>Treoir na Nollag do Thomhaltóirí</b>	Nollaig	Leideanna is fearr a thabhairt do thomhaltóirí maidir lena n-airgeadas a bhainistiú, siopadóireacht a dhéanamh ar líne agus cad ba cheart a dhéanamh má théann rudaí amú.
<b>AIRGEADAS PEARSANTA</b>		
<b>Cuntas Reatha a Athrú</b>	Mí Iúil go Mí na Samhna	Eolas riachtanach a sholáthar do thomhaltóirí Bhanc Uladh agus KBC chun cabhrú leo a soláthraí cuntas reatha a athrú.
<b>Pleanáil Pinsin</b>	Mí Mheán Fómhair	Chun béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le pinsean a bheith agat agus treoir céim ar chéim an CCPC a chur chun cinn chun ceann a bhunú.
<b>An Nollaig a Mhaoiniú</b>	Nollaig	Chun cabhrú le tomhaltóirí cúrsaí airgeadais a bhainistiú ag am Nollag agus béim a leagan ar na rudaí nach mór do thomhaltóirí a bheith ar an eolas faoi agus iad ag úsáid creidmheasa, lena n-áirítear Ceannaigh Anois Ioc Ar Ball.
<b>SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ</b>		
<b>Neadacha Linbh agus Málaí Codlata</b>	Mí Aibreán	Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith i neadacha linbh agus táirgí áirithe málaí codlata leanbh.
<b>Sábháilteacht Táirgí ar Oíche Shamhna</b>	Mí Mheán Fómhair	Rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoin gcontúirt a bhaineann le cultacha contúirteacha Oíche Shamhna do leanaí agus cabhrú leo a bheith ar an eolas faoi cad is cóir a bheith ag faire amach dó agus cultacha á gceannach acu.
<b>Clogaid CLG</b>	Deireadh Fómhair	I gcomhar leis an Cumann Lúthchleas Gael (CLG), chun rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoin mbaol a bhaineann le clogaid CLG contúirteacha agus chun leideanna sábháilteachta is mó a léiriú dóibh siúd atá ag ceannach ceann.
<b>Piliúr Féinbheathaithe do Leanaí</b>	Nollaig	Chun míniú le tomhaltóirí gan piliúr féinbheathaithe do leanaí a cheannach agus cad ba cheart dóibh a dhéanamh má tá ceann acu.
<b>Luchtairí Leictreacha Contúirteacha</b>	Nollaig	Rabhadh a thabhairt do thomhaltóirí faoi aisghairm 40,000 luchtairí contúirteacha agus comhairle a thabhairt ar na seiceálacha sábháilteachta atá le déanamh sula gceannaítear luchtairí leictreach.



## Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

## Beart Straitéise:

**Teacht agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta méadaithe.**


Bhí 44,198 leantóir meán sóisialta ag an CCPC in 2020 agus 51,621 in 2022. D'fhás an CCPC a lucht leanúna ar na meáin shóisialta trí ábhar le hiomhánna, fiseáin agus uirlisí idirghníomhacha a fhoilsiú ar bhonn rialta thar raon leathan ábhar.

Ba é Facebook an t-ardán is coitianta in 2022, le 36,565 leantóir ag an CCPC. Léirigh na poist leis an rannpháirtíocht is mó sna meáin shóisialta sainchúram éagsúil an CCPC agus chlúdaigh siad dlí na hiomaíochta, cumaisc agus cearta tomhaltóirí.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## Meáin Shóisialta


### LEANTÓIRÍ AN CCPC AR NA MEÁIN SHÓISIALTA 2022 - DE RÉIR ARDÁIN



### RANPHÁIRTÍOCHT LEIS NA MEÁIN SHÓISIALTA 2022 - NA TRÍ PHOST IS COITIANTA



Comhdháil Dlí Iomaíochta an AE



Bricfeasta Cumaisc an CCPC



An tAcht um Chearta Tomhaltóirí 2022

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

**Rannpháirtíocht mhéadaithe le tomhaltóirí ag baint úsáide as ár gcuid bealaí cumarsáide agus cláir go léir.**

D'fhreastal 1,056 ar chur i láthair/cainteanna oideachais airgeadais CCPC in 2020 agus 1,546 in 2022. Bhí méadú ann toisc go raibh cainteanna an CCPC ar siúl ar an láthair agus ar líne. Tháinig méadú freisin ar an éileamh ó thomhaltóirí ar fhaisnéis airgeadais tar éis Covid-19.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## Oideachas Airgeadais

### Ábhair Airgid



Is é Ábhair Airgid cúrsa airgeadas pearsanta an CCPC do mhic léinn dara leibhéal ar féidir é a mhúineadh chun tacú le riachtanais churaclaim Staidéar Gnó nó Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí. Bhí 38,088 amharc leathanaigh an suiomh gréasáin

Ábhar Airgid in 2022 agus breathnaíodh ar na fiseáin Ábhar Airgid 660 uair. Seinntear na fiseáin de ghnáth i seomra ranga, a chiallaíonn gur bhreathnaigh suas le 20,000 mac léinn orthu.

In 2022, chruthaigh an CCPC ceithre fhiseán nua do chuid Ábhar Airgid an tsuimh gréasáin ar:

- Riachtanais agus Mianta
- Acmhainní agus Ioncam
- Caiteachas
- Ag Cruthú Buiséid

### Scileanna Airgeadais don Saol



Tugann clár an CCPC ar Scileanna Airgeadais eolas (Msfl) neamhchlaonta neamhspleách ar raon ábhar airgeadais. Tá cainteanna Msfl tugtha ag ár gComhairleoirí Airgeadais Cáilithe deonacha san ionad oibre, do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí eile. In 2022, thugamar 41 óráid do 1,546 duine.

### AISEOLAS Ó FHREASTALAITHE CAINTEANNA MSFL

“Is breá liom mo Dhialann Caiteachais agus úsáidim fhéin agus m’fhear chéile é chomh maith leis an seiceálaí caiteachais agus ioncáim.”

“Tar éis dom freastal ar an gcaint, tá sé i gceist agam m’iasacht cairr a ghearradh agus mo mhorgáiste a íoc ina iomláine níos luaithe.”

### How to Be Good with Money de chuid RTÉ One



Bhí an CCPC mar urraitheoir ar Sraith 4 de *How to Be Good with Money*, clár teilifíse le RTÉ One ina dtugann an pleanálaí airgeadais, Eoin McGee, faisnéis phraiticiúil faoi bhainistiú airgid do theaghlaigh chun a gcuid spriocanna a bhaint amach.

Go dtí seo, d'fhéach 10,896,000 duine ar Shraith 1 go 4, agus d'éirigh an-mhaith le Sraith 4 in 2022:

- D'fhéach 2,689,700 duine ar na hocht gcláir
- D'fhéach ar an meán 336,213 duine ar gach clár
- Bhí lucht féachana de 19% ar an meán ag an gclár
- Bhí 359,984 cuairt ar [ccpc.ie](http://ccpc.ie) le linn an chlár





## SPRIOC STRAITÉISEACH 3

Beimid ar thús cadhnaíochta maidir le hionadaíocht a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí agus le hiomaíocht a chur chun cinn

Díríonn gníomhaíochta sprioc straitéiseach 1 ar na rudaí seo a leanas a sheachadadh:



Líon méadaithe na staidéar margaidh críochnaithe agus tionscadal taighde.



Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun moltaí ó staidéir mhargaidh an CCPC agus ó thionscadail taighde a chur chun cinn.



Ionchur i bhforbairt bheartais an Rialtais, reachtaíocht agus tionscnaimh, nuair is cuí, agus freagraí ar chomhairliúcháin.



Rannpháirtíocht chuiditheach le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta eile.

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Beart Straitéise:

**Líon méadaithe na staidéar margaidh críochnaithe agus tionscadal taighde.**

D'fhoilsigh an CCPC dhá thuarascáil in 2020 agus naoi dtuarascáil in 2022. In 2020, dhírigh an CCPC ar athbhreithniú domhain ar an margadh árachais dliteanais phoiblí agus ar an gcéad bhabhta de thionscadal taighde trí bliana ar thionchar Covid-19 agus Brexit ar iompar tomhaltóirí.

Mar chuid de phríomhobair 2022 bhí *Anailís ar Mhargadh Breosla na hÉireann agus Iompar Ar Líne - Margáíocht do Lucht Tionchair*. Foilsíodh na torthaí ó thrialacha iompraíochta an CCPC leis an ESRI, *Moltaí agus borradh a Chomhcheangail chun Coigilt Réamhchúraim*, a Mhéadú. Rinneadh raon taighde eile in 2022 chun iompar tomhaltóirí i margai éagsúla a thuiscint chun eolas a thabhairt d'obair an CCPC. Bhí Cuntas Reatha a Athrú, Pleanáil Pinsin, Aoine Mhór na Siopadóireachta agus Siopadóireacht na Nollag san áireamh.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*

## Athbhreithniú ar an Margadh agus Taighde

### Fócas ar an Margadh

#### Praghsanna Breosla



Rinne an CCPC scrúdú ar an earnáil breosla mótaí mhiondíola bunaithe ar ghearáin ón bpobal tar éis don Rialtas laghdú sealadach a fhógairt ar an dleacht mháil a ghearrtar ar pheitreal agus ar dhíosal. Fuair an CCPC amach gurb iad praghsanna idirnáisiúnta ba chúis le praghsanna níos airde ag pumpaí roimh ghearradh dleachta máil seachas easpa iomaíochta. Léiríonn fianaise idirnáisiúnta go dtógann ciorruithe máil am chun oibriú trí mhargadh agus is minic nach bhfeictear iad láithreach. Bhain an CCPC de thátal as go bhfuil gá le hionchais agus fírinne margaidh a chur in iúl go cúramach agus na cineálacha seo beart á dtabhairt isteach.

#### Margaíocht Tionchaire na Meáin Shóisialta



Scrúdaigh staidéar an CCPC rannpháirtíocht tomhaltóirí le margaíocht lucht tionchair na meán sóisialta, a thóg athruithe atá le teacht sa tírdhreach rialála san áireamh. Fuair an CCPC amach go ndéanann tomhaltóirí in Éirinn rómheastachán ar a gcumas margaíocht tionchaire a aithint, níl lucht tionchair na hÉireann seasmhach maidir le lipéadú a dhéanamh ar ábhar margaidh, agus bhraith 25% de na freagróirí a cheannaigh táirge a mhol tionchaire dóibh gur cuireadh dallamullóg orthu.

Mhol an CCPC go neartófaí an treoir maidir le margaíocht lucht tionchair a rialáil; cuirtear oideachas ar lucht tionchair, ar bhrandaí agus ar ghníomhairí maidir lena bhfreagrachtaí dlíthiúla; ardáin a n-úsáideoirí a chur ar an eolas maidir le margaíocht tionchaire agus éascaíonn siad lipéadú iomchuí agus tuairisciú ar ábhar míthreorach fógraíochta; agus tá na húdaráis ábhartha sa tóir go gníomhach ar an bhforfheidhmiú. Oibreoidh an CCPC le páirtithe leasmhara chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm.

#### Táirgí Sábhálacha



D'fhoilsigh an CCPC na torthaí ónár dtrialacha iompraíochta leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) maidir le bealaí a imscrúdú chun tomhaltóirí a spreagadh le hairgead a shábháil go gníomhach. Léiríonn an taighde gur féidir méadú 25% ar líon na gcuntas coigiltis trí eolaíocht iompraíochta a chur i bhfeidhm ar chumarsáid le custaiméirí agus dearadh foirmeacha iarratais.

D'fhorbair an CCPC agus an ESRI treoir do sholáthraithe coigiltis maidir leis na moltaí a úsáid chun táirgí coigiltis a fhorbairt chun coigiltas a spreagadh a thacaíonn le folláine tomhaltóirí.

## Fócas ar an dTomhaltóir

### Cuntas Reatha a Athrú



Chríochnaigh an CCPC dhá shraith taighde ar iompar agus ar thaithí na dtomhaltóirí a raibh orthu a gcuntas reatha a aistriú mar gheall ar dhúnadh Banc Uladh agus KBC. Thug na torthaí eolas d'fheachtais tomhaltóirí agus meán i rith na bliana chun tacú le tomhaltóirí soláthraí cuntais reatha nua a aimsiú.

### Pleanáil Pinsin



Léirigh taighde an CCPC nach bhfuil plean pinsin i bhfeidhm ag 38% de dhaoine fásta le haghaidh scoir. Thacaigh na torthaí le feachtas meán a chur chun cinn maidir le conas plean pinsin a bhunú do thomhaltóirí céim ar chéim.

### Covid-19 agus Brexit



Chríochnaigh an CCPC an babhta deiridh dár dtaighde ilbhliantúil ar thionchar Covid-19 agus Brexit ar fheasacht agus iompar tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht ar líne. Léiríonn na torthaí go bhfuil siopadóireacht ar líne ar shuíomhanna gréasáin lonnaithe in Éirinn fós ag fás i ndiaidh Brexit, le 44% sa bhreis ag ceannach ar na suíomhanna gréasáin seo le bliain anuas. Tá 25% de na freagróirí ag ceannach níos mó ó ghnólachtaí áitiúla ná mar a bhí roimh an bpaindéim. Ba iad costais gan choinne (m.sh. táillí custaim) agus moill ar sheachadadh na fadhbanna ba choitianta a bhí ag tomhaltóirí a cheannaigh ó shuíomhanna ghréasáin bunaithe sa Bhreatain tar éis Brexit.

### Díolacháin Aoine Mhór na Siopadóireachta



Rinneadh iompar agus intinní tomhaltóirí a thomhas roimh sladmhargadh Aoine Mhór na Siopadóireachta. Léirigh an taighde go raibh sé ar intinn ag níos lú ná 40% de thomhaltóirí siopadóireacht a dhéanamh le linn sladmhargaid áit a mbeidh praghas agus lascaí ina bpríomhchúinse chun ceannach a dhéanamh. Chuir na torthaí eolas ar ár dteachtaireachtaí faoi Aoine Mhór na Siopadóireachta ar chearta tomhaltóirí.

## Siopadóireacht na Nollag



Rinneadh tomhas ar iompraíocht agus intinn tomhaltóirí roimh shéasúr siopadóireachta na Nollag. Fuarthas amach sa taighde go raibh sé beartaithe ag 68% de thomhaltóirí a gcuid coigilteas a úsáid chun a gcuid siopadóireachta Nollag a mhaoiniú, agus go raibh sé beartaithe ag 24% iasachtaí de chineál éigin a úsáid. Bhí tomhaltóirí ag súil freisin go gcaithfeadh siad 20% níos mó ná mar a bhí in 2021 mar gheall ar arduithe praghas. D'úsáid an CCPC na torthaí chun ár dteachtaireachtaí a threorú d'fheachtas siopadóireachta na Nollag do thomhaltóirí.

## Táimhe Tomhaltóra



Lean an CCPC lenár dtaighde ar thionchar táimhe tomhaltóirí trí scrúdú a dhéanamh ar leitheadúlacht cleachtas praghsála áirithe i raon margaí rialaithe in Éirinn. In 2022, rinneamar athbhreithniú ar na sonraí taighde agus chuireamar críoch lenár rannpháirtíocht le geallsealbhóirí. Foilseoidimid ár dtorthaí in 2023.

## Aimhleas Tomhaltóra



Chuir an CCPC tús le taighde ar aimhleas tomhaltóra in Éirinn agus foilseofar na torthaí in 2023.

## Fócas ar Fhorfheidhmiú

### Ardán go Gnó



Rinne an CCPC suirbhé in 2022 chun tuilleadh a fhoghlaim faoi thaithí gnólachtaí a thairgeann earraí nó seirbhísí do thomhaltóirí trí ardáin ar líne. Foilseofar na torthaí in 2023 agus tacóidh siad le torthaí forfheidhmithe níos fearr mar chuid de chur i bhfeidhm an rialacháin Ardán go Gnó.

## Fócas ar Chumasc

### Earnáil Ola Téimh Baile agus Dramhaíola



Rinne an CCPC dhá phársa taighde ar leith ar iompar tomhaltóirí sa mhargadh réigiúnach ola téimh baile agus san earnáil dramhaíola chun tacú le hobair chumaisc an CCPC.

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Bearta Straitéise:

**Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara chun moltaí ó staidéir mhargaidh agus ó thionscadail taighde a chur chun cinn. Ionchur i bhforbairt bheartais an Rialtais, reachtaíocht agus tionscnaimh, nuair is cuí, agus freagraí ar chomhairliúcháin.**

In 2022, lean an CCPC ar aghaidh ag tacú le cur i bhfeidhm na moltaí agus na torthaí ó staidéir mhargaidh, tionscnaimh bheartais agus tionscadail taighde an CCPC. Áiríodh leis seo aighneacht dhomhain a sholáthar don Athbhreithniú ar Bhaincéireacht Mhiondiola na Roinne Airgeadais agus oibriú go rathúil chun moltaí Athbhreithniú Hamilton a chur i bhfeidhm maidir le camastaíl imthairisceana.

In 2022, bhí 225 idirghníomhaíocht ag an CCPC le Ranna Rialtais chun tacú le hathrú beartais. Dhírigh an rannpháirtíocht seo ar rialáil beartais nua le tionchar suntasach ar thomhaltóirí agus margáí iomaíocha a oscailt. I measc na bpríomhréimsí a clúdaiodh in 2022 bhí oideachas airgeadais, sábháilteacht táirgí, rialáil dhigiteach agus athchóiriú dlí.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*



## Comhoibriú le Reachtaíocht

### Acht na Margáí Digiteacha agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha



Críochnaíodh caibidlíocht an AE ar an Acht um Margáí Digiteacha agus ar an Acht um Sheirbhísí Digiteacha in 2022. Tá sé mar aidhm ag an dá thogra spás digiteach níos sábháilte agus níos oscailte a chruthú, agus chun cothrom na Féinne a bhunú chun nuálaíocht, fás agus iomaíochas a chothú l rith na bliana, thacaigh an CCPC le hidirbheartaíochtaí na hÉireann ag an gComhairle Eorpach trínár rannpháirtíocht leanúnach leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar na moltaí.

### An Treoir um Gníomhartha Ionadaíochta



Tabharfaidh an reachtaíocht nua seo sásamh comhchoiteann isteach do thomhaltóirí in Éirinn. Chuir an CCPC fáilte roimh na tograí reachtaíochta nua nuair a d'fhreastal muid ag an gComhchoiste Oireachtais um Fhiontar, Trádáil agus Fostaíocht. Chuireamar tuairimí ar fáil maidir le conas eintitis cháilithe a dhéanann gníomhartha ionadaíochta ar son tomhaltóirí a chumhachtú chun sásamh tapa agus éifeachtach a chinntiú.

### Rialachán Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí



Thug an CCPC tuairimí mionsonraithe ar na Rialacháin nua, le fócas ar bhearta a chuireann oibleagáidí níos láidre ar oibreoírí eacnamaíochta feadh an tslabhra soláthair maidir le sábháilteacht ar líne. Foilseofar an reachtaíocht deiridh in 2023, nuair a oibreoimid leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun í a chur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann.

### Scéim Ghinearálta an Bhille um Shlabhra Soláthair Talmhaíochta agus Bia, 2022<sup>12</sup>



Chuir an CCPC a thaithí ar fáil ar chur i bhfeidhm na Rialachán um Earraí Grósaera chun tacú le haistriú rianúil na bhfeidhmeanna sin chuig an Oifig nua Cothroime agus Trédhearcachta sa Slabhra Soláthair Agraibhia<sup>13</sup>.

## Guth um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Nuair a tháinig muid os comhair Chomhchoiste an Oireachtais um Thalmhaíocht, Bia agus Mara, leagamar béim ar a thábhachtaí atá sé rúndacht a chosaint do ghearánaigh a líomhnaíonn sáruithe ar an dlí, agus roinneamar ár dtaithí forfheidhmithe chun tacú le forbairt na mbeart molta atá leagtha amach sa Bhille.

### Rialachán um Fhóirdheontais Eachtracha



Tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht seo gníomhú in aghaidh fóirdheontais choigríche ó thíortha neamh-AE do chuideachtaí a oibríonn san AE a shaobhadh ar an margadh. Chuaigh an CCPC i dteagmháil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) maidir le seasamh caibidlíochta na hÉireann le linn 2022. Oibreoimid an CCPC leis an DETE maidir le cur i bhfeidhm na rialacha nua nuair a thagann siad isteach in 2023.

### Athbheithnithe an Choimisiúin Eorpigh



Chuaigh an CCPC i ngleic le dhá athbheithniú a bhfuil ról againn iontu – an Rialachán um Chomhar um Chosaint Tomhaltóirí 2017/2397 agus an Treoir um Réiteach Malartach Aighnis 2013/11. Ina theannta sin, chuaigh an CCPC i ngleic leis an staidéar a rinne an Coimisiún ar an Treoir um Sheirbhísí Íocaíochta II 2015/2366.

### Gaolmhaireacht le reachtaíocht eile



Chuaigh an CCPC i dteagmháil le Ranna, le rialtóirí agus leis an gCoimisiún Eorpach ar raon leathan tograí reachtaíochta agus beartais a bhfuil tionchar acu ar iomaíocht, cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí le linn 2022.

Áiríodh leis sin an tAcht um Inrochtaineacht Eorpach, an tAcht Sonraí, an tAcht um Rialachas Sonraí, an Treoir Bréagán, an Bille um Rialáil Cearrbhachais, an Bille um Thrácht ar Bhóithre agus straitéis an Coimisiúin um Rialáil Cumarsáide maidir le soláthar thar an aer d'fhóin phóca.

<sup>12</sup> Trasúifidh Scéim Ghinearálta an Bhille um Shlabhra Soláthair Talmhaíochta agus Bia 2022 an Treoir um Chleachtais Éagóracha Trádála.

<sup>13</sup> Tháinig deireadh le freagrachtaí forfheidhmithe an CCPC faoi na Rialacháin um Earraí Grósaera 2016 i Márta 2022.



### Tacadóirí ar son Athrú

#### Athbhreithniú ar Bhaincéireacht Miondíola



Chuir an CCPC aighneacht mhionsonraithe ar fáil d'Athbhreithniú Baincéireachta Miondíola na Roinne Airgeadais (DoF). Bhí ár bhfreagra bunaithe ar imní faoi shaincheisteanna iomaíochta nuair a dhúnadh Banc Uladh agus KBC, áit a ndéanfar dochar do thomhaltóirí i dtaobh praghais, leibhéil seirbhíse agus nuálaíochta.

Rinne an CCPC roinnt moltaí chun iomaíocht agus leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn. Bhuailomar leis an Roinn Airgeadais chun ár moltaí a phlé agus bhí cruinniú faisnéise againn don phreas ar ár gcuid oibre. Foilsíodh an tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Bhaincéireacht Mhiondíola i mí na Samhna agus thacaigh an CCPC go láidir lena thiomantas chun straitéis náisiúnta litearthachta airgeadais a fhorbairt.

#### Athbhreithniú Cóid maidir le Cosaint Tomhaltóirí



Chuir an CCPC tuairimí tosaigh ar fáil ag Comhtháthú Bhanc Ceannais na hÉireann (CBI) roimh an athbhreithniú pleanáilte ar Chód Cosanta Tomhaltóirí an CBI in 2023.

Mholamar go gceanglófaí ar iasachtóirí morgáiste glacadh le tairiscintí níos saoire ó thomhaltóirí agus go ndéanfaí athbhreithniú ar chód aistrithe an CBI de bhun na bhfadhbanna a bhíonn ag tomhaltóirí agus iad ag aistriú i cuntais reatha. Déanfaimid tuilleadh moltaí beartais inár n-aighneacht don athbhreithniú CPC in 2023.

#### Camastail Imthairisceana



Lean an CCPC ag cur moltaí maidir le camastail imthairisceana ó Ghrúpa Athbhreithnithe Hamilton i bhfeidhm *Athbhreithniú ar Struchtúir agus Straitéisí chun Coiriúlacht agus Éillíú Eacnamaíoch a Chosc, a Imscrúdú agus a Phionósú*. Thacaigh obair an CCPC le camastail imthairisceana<sup>14</sup> a bheith sainmhínithe mar chion cairtéil aonair ag an Acht Iomaíochta (Leasú), 2022.

Le linn na bliana, thug an CCPC córas molta isteach don Fhóram Coireachta agus Éillithe Eacnamaíochta chun camastail imthairisceana/ciaonpháirteachas tairisceana<sup>15</sup> a aithint agus a dhispreagadh. In 2023, cabhróidh an CCPC le geallsealbhóirí ábhartha maidir leis an reachtaíocht riachtanach chun camastail imthairisceana sa soláthar poiblí a scagadh.

#### Oideachas Airgeadais



Rinne an CCPC dhá aighneacht leis an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) maidir le hoideachas airgeadais. Chlúdaigh an chéad cheann moladh oideachas airgeadais a chuimsiú i gCuraclam Aistear do leanaí ó bhreith go sé bliana d'aois.

Thacaigh an dara haighneacht againn leis an bhfócas atá molta ag an NCCA ar litearthacht airgeadais i gCuraclam Staidéar Gnó na hArdteistiméireachta. Rinneamar aighneacht freisin don OECD maidir leis an athbhreithniú ar Phrionsabail G20/OECD ar Chosaint Airgeadais Tomhaltóirí.

#### Athchóiriú seirbhísí dlí



Rinne an CCPC dhá aighneacht chuig an Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Sa chéad aighneacht, pléadh proifisiún nua tíolacóra a chruthú, lena thacaíomar go tréan mar chéim chun cinn in athchóiriú na hearnála agus iomaíocht mhéadaithe do thomhaltóirí.

Chlúdaigh ár ndara aighneacht leasú ar oideachas agus oiliúint do ghairmithe dlí. Ba dhíol sásaimh dúinn é bunú comhlachta neamhspleách chun caighdeán a chruthú don chineál seo oiliúna, ar féidir leis an iomaíocht a neartú trí níos mó conairí iontrála a sholáthar do ghairmeacha dlí.

#### Leasú ar Sheirbhísí Tréidliachta



Thacaigh an CCPC le glaonna an Údaráis um Ard-Oideachas ar léiriú spéise d'institiúid oiliúna tríú leibhéal nua do chleachtóirí tréidliachta in Éirinn.

Léirigh an seasamh seo tuarascáil CCPC 2008 ar iomaíocht sa ghairm tréidliachta, a léirigh nach raibh ach institiúid tríú leibhéal amháin ag cur oiliúint tréidliachta ar fáil in Éirinn agus go rabhtas ag brath ar thréidlianna a fuair oiliúint lasmuigh d'Éirinn.

<sup>14</sup> Moladh 17: Dlí na hIomaíochta a leasú chun camastail imthairisceana a bheith mar coir faoi leith nó, mar mhalairt air sin, sonraigh camastail imthairisceana mar chion mar chineál comhroinnta margaidh.

<sup>15</sup> Moladh 18: Reachtaíocht a thabhairt isteach chun bailiú, tiomsú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí soláthair poiblí go léir chun camastail imthairisceana a bhrath agus a dhispreagadh.

### Ráiteas Straitéise 2021-2023 a Sheachadadh

Tá gníomhaíocht CCPC ón mbliain dheireanach den Ráiteas Straitéise 2018-2020 mar bhonnline don Ráiteas Straitéise 2021-2023.

### Bearta Straitéise:

**Rannpháirtíocht chuiditheach le hÚdaráis Inniúla Náisiúnta eile. Ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag cruinnithe de ghrúpaí oibre, fóraim agus comhdhálacha ábhartha AE agus idirnáisiúnta.**

Bhí an CCPC i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta 97 uair in 2020 agus 359 uair in 2022. I measc na bpríomhréimsí fócais bhí malartú deachleachtas agus feabhas a chur ar chomhar chun poist rialála nua a fhorbairt, ina railbh ionadaíocht ag tomhaltóirí. I measc buaicphointí 2022 tá rialálú digiteach, camastail imthairisceana agus Plean Náisiúnta Geata Sábháilteachta a fhorbairt.

Bhí an CCPC i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara idirnáisiúnta 113 uair in 2020 agus 295 uair in 2022. Ghlac an CCPC páirt 142 uair i ngrúpaí agus imeachtaí in 2022, go leor acu i bpearsan don chéad uair le trí bliana. D'fhorbair an CCPC 41 aighneacht in 2020 agus 82 aighneacht in 2022 maidir le suirbhéanna agus comhairliúcháin idirnáisiúnta. Dhirigh an CCPC ar cheannaireacht, comhoibriú agus foghlaim ó chomhghleacaithe idirnáisiúnta. I measc bhuaicphointí 2022 bhí ról lárnach an CCPC i nGréasán Ardán Go Gnó ar líne a bhunú agus an ról comhstiúrthóra a bhí acu sna gníomhaíochtaí a dhéanann an Líonra Comhair um Chosaint Tomhaltóirí le hardáin na meán sóisialta.

Thug an CCPC 21 cur i láthair agus óráidí in 2020 agus 45 in 2022, ag díriú ar raon leathan páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi obair an CCPC agus caidreamh oibre chomhoibriúch a fhorbairt. Go háirithe, rinne an Cathaoirleach agus na Comhaltaí ionadaíocht ar shaineolas an CCPC ag Comhchoistí Oireachtais, i bParlaimint na hEorpa agus in imeachtaí idirnáisiúnta.

*Tá faisnéis bhreise curtha ar fáil sa chuid seo.*



### Buaicphointí i Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara

#### Rialachán Digiteach



In 2022, bhí an CCPC mar bhall bunaidh den chéad Ghrúpa Rialtóirí Digiteacha in Éirinn<sup>16</sup>. Is é a phríomhchuspóir ná cumarsáid láidir trasfheidhmithe a fhorbairt idir Rialtóirí a bhfuil iarmhairtí díreacha ag a gcuid oibre do gheilleagar digiteach na hÉireann, ionas go gcuirfead an reachtaíocht dhigiteach reatha agus a bheidh ann amach anseo i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach agus comhtháite.

Chuaigh an CCPC agus an DRG i dteagmháil freisin le piaraí idirnáisiúnta chun ár rannpháirtíocht sa ghrúpa a threorú agus chun leas a bhaint as eispéiris chomhchosúla i ndlínsí eile. I rith na bliana, chuireamar fáilte roimh fhoilsiú na Straitéise Digiti Náisiúnta agus leanamar ar aghaidh ag dul i dteagmháil go ráithiúil le Grúpa Oifigeach Sinsearach an Rialtais um Shaincheisteanna Digiteacha.

#### Camastail Imthairisceana



In 2022, tugadh tús áite do rannpháirtíocht ghníomhach an CCPC san Fhóram um Choireacht Eacnamaíoch agus um Éilliú agus sa Chomhairle Chomhairleach i gcoinne Coireachta agus Éillithe Eacnamaíochta a chinntigh gur cion cairtéil é camastail imthairisceana. Rinne an CCPC cur i láthair freisin d'Oifig an Phríomh-Atur na Stáit agus d'Uisce Éireann maidir le soláthar poiblí agus camastail imthairisceana.

#### Plean Náisiúnta Geata Sábháilteachta



Is é an CCPC an Pointe Teagmhála Náisiúnta don Gheata Sábháilteachta, atá mar chóras mear-rabhaidh an AE é do tháirgí contúirteacha áirithe. In 2022, d'fhoilsigh an CCPC plean náisiúnta chun cabhrú leis na 19 n-údarás um fhaireachas margaidh (MSA) in Éirinn a gcuid freagrachtaí dlíthiúla a chomhlíonadh.

#### Ardán go Gnó



Bhí an CCPC i gceannas ar bhunú líonra uile-Eorpach Ardán go Gnó (P2B) ar líne chun comhsheasmhacht níos fearr a chur chun cinn i gcur i bhfeidhm rialachán P2B agus chun torthaí níos fearr a bhaint amach. Tionóladh an chéad chruinniú i mí na Nollag 2022.

#### Líonra Comhoibrithe um Chosaint Tomhaltóirí



Bhí an CCPC mar chomhstiúrthóir le Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne (Konsumentverket) in dhá ghníomh comhordaithe ar na hardáin meáin shóisialta WhatsApp agus TikTok.

#### SEPA



Chuaigh an CCPC i dteagmháil le Banc Ceannais na hÉireann chun ár n-eolas agus ár dtaithe mar údarás inniúla do réimsí éagsúla SEPA a roinnt<sup>17</sup>. Thacaigh an comhar seo lenár gcuid oibre maidir le comhlíonadh gnó a bhaint amach d'idirbhearta gnó-go-tomhaltóir in 2022.

#### Grúpa Imscrúduithe Coiriúla



D'eagraigh agus rinne an CCPC cathaoirleacht ar thrí seisiún in 2022. Is acmhainn réiteach-bunaithe é an grúpa d'imscrúdaitheoirí ag Gníomhaireachtaí Stáit atá ag iarraidh dea-chleachtas a roinnt.

#### Athbheithniú OECD



Chuir an CCPC aighneacht ar fáil do Mhisean Struchtúrach an OECD mar chuid dá athbheithniú débhlantúil ar gheilleagar na hÉireann. I measc na n-ábhar is mó a chlúdaíomar bhí camastail imthairisceana soláthair poiblí, an earnáil baincéireachta miondíola agus rialáil dhigiteach. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí na Nollag.

<sup>16</sup> Baill de Ghrúpa na Rialtóirí Digiteacha - An Coimisiún um Chosaint Sonraí, An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide, Coimisiún na Meán.

<sup>17</sup> I.R. Uimh. 132 de 2013, An tAontas Eorpach (Ceanglais maidir le hAistrithe Creidmheasa Dochair Dhíreacha in Euro) Rialacháin 2013 arna leasú ag an S.I. Uimh. 204 de 2016, An tAontas Eorpach (Ceanglais maidir le hAistrithe Creidmheasa Dochair Dhíreacha in Euro) (Leasú) Rialacháin 2016, mar is fearr aithne "rialachán SEPA".

## Rannpháirtíocht Suntasach le Páirtithe Leasmhara

In 2022, bhuail an CCPC le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta 654 uair chun cur le forbairtí ábhartha beartais agus reachtaíochta, comhoibriú ar fhorfheidhmiú agus malartú dea-chleachtais. Tugtar thíos na réimsí ina raibh caidreamh suntasach againn le príomhpháirtithe leasmhara.

RÉIMSÍ	PÁIRTÍ LEASMHAR
<b>Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara</b>	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
<b>Intleacht Shaorga</b>	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Ard-Stiúrthóireacht um Chomórtais
<b>Beartas Baincéireachta, Árachais agus Seirbhísí Airgeadais</b>	Banc Ceannais na hÉireann An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta An Roinn Airgeadais Aontas Seirbhísí Airgeadais Oifig chun Iomaíocht in Árachas a Chur Chun Cinn (An Roinn Airgeadais) Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
<b>An Breatimeacht</b>	Consumer and Markets Authority (UK) An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Ard-Stiúrthóireacht um Chomórtais Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus Tomhaltóirí An Coiste ar Mhargadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (Parlaimint an AE)
<b>Cairtéil</b>	American Bar Association Meithleacha Cairtéil na hEorpa Grúpa Imscrúduithe Coiriúla Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta Oifig an Stiúrthóra um Ionchúiseamh Poiblí

## Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

RÉIMSÍ	PÁIRTÍ LEASMHAR
<b>Polasáí na hIomaíochta</b>	<p>An tÚdarás Iomaíochta agus Margáí (RA)            An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta            Comhdháil Choimisiún Iomaíochta na Malaeisia (MyCC)            Comhairle um Iomaíochas agus Táirgiúlacht Náisiúnta            Coiste Dlí agus Beartas Iomaíochta an OECD</p>
<b>Polasáí Cosanta Tomhaltóirí</b>	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus Tomhaltóirí            Líonra Forfheidhmithe Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí            Meitheal Eagraíochta Tomhaltóra Thuaidh-Theas            Coiste OECD ar Bheartas Tomhaltóirí            Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt</p>
<b>Rialachán Digiteach agus Cosaint Sonraí</b>	<p>Coimisiún Iomaíochta agus Tomhaltóirí na hAstráile            Údarás Craolacháin na hÉireann            An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)            An tÚdarás Iomaíochta agus Margáí (RA)            An Coimisiún um Chosaint Sonraí            An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide            Grúpa Rialálaithe Digiteacha            An Fóram Comhair um Rialáil Digiteach (RA)            Líonra Rialtóirí Eacnamaíochta            Grúpa Oifigeach Sinsearach ar Cheisteanna Digiteacha (Roinn an Taoisigh)</p>
<b>Reachtaíocht Eorpach agus Beartas a Fhorbairt/ Comhar Trasteorann</b>	<p>An tÚdarás Iomaíochta agus Margáí (RA)            Líonra Comhoibrithe um Chosaint Tomhaltóirí            Údarás Iomaíocht agus Tomhaltóir na Danmhairge            An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            Ard-Stiúrthóireacht um Chomórtas            Ard-Stiúrthóireacht an Cheartais agus Tomhaltóirí            Cleachtóirí dlí na hÉireann            An Oifig um Shábháilteacht Táirgí agus Caighdeán (RA)            Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas            Gníomhaireacht Tomhaltóirí na Sualainne (Konsumentverket)</p>

RÉIMSÍ	PÁIRTÍ LEASMHAR
<b>Folláine Airgeadais agus Oideachas</b>	<p>Banc na hÉireann            Banc Ceannais na hÉireann            Ionad an Léinn Chomharchumainn (COC)            An Roinn Airgeadais            Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI)            Financial Conduct Authority (RA)            Institiúid Baincéireachta (IOB)            Bord Cultúir Baincéireachta na hÉireann            An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (JCT)            Dámhachtain Sóisearach na hÉireann (JAI)            KBC            Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA)            An tSeirbhís Airgid agus Pinsean (RA)            An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh            An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta            Coiste Teicniúil Oideachais Airgeadais OECD            Revolut            Banc Uladh</p>
<b>Beartas Tithíochta</b>	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta            An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht            An Ghníomhaireacht Tithíochta</p>
<b>Seirbhísí Dlí</b>	<p>An Roinn Dlí agus Cirt            An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí</p>
<b>Cumaisc</b>	<p>An tÚdarás Iomaíochta agus Margaí (RA)            Meitheal Cumaisc Líonra Iomaíochta na hEorpa            Comhairle Iomaíochta Lucsamburg            Aireacht Geilleagair Lucsamburg</p>

## Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

RÉIMSÍ	PÁIRTÍ LEASMHAR
<b>Rialachán Ardán go Gnó</b>	<p>Institiúid um Chomhlíonadh</p> <p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</p> <p>Ard-Stiúrtóireacht an Cheartais agus Tomhaltóirí</p> <p>Fiontraíocht Éireann</p> <p>Grúpa Saineolas Ríomhthráchtála an Choimisiúin Eorpaigh</p> <p>Ardán Eorpach d'Údaráis Ghnó (an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ísiltír agus an Rómáin)</p> <p>CGFE</p> <p>Oifig Fiontair Áitiúil (LEOanna)</p> <p>Retail Ireland</p>
<b>Sábháilteacht Táirgí</b>	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</p> <p>Údaráis Náisiúnta um Fhaireachas Margaidh</p> <p>Oifigigh Faireachais Margaidh na Macadóine Thuaidh</p> <p>An Oifig um Shábháilteacht Táirgí agus Caighdeán (RA)</p> <p>Custaim na Polainne</p> <p>Oifig Iomaíochta na Polainne agus Cosaint Tomhaltóirí</p> <p>Custaim na Sualainne</p> <p>Bord Sábháilteacht Leictreachais na Sualainne</p> <p>Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (Custaim)</p>
<b>Camastaíl Imthairisceana Soláthair Phoiblí</b>	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</p> <p>An Roinn Dlí agus Cirt</p> <p>An Fóram Eacnamaíoch agus Coireachta</p> <p>An Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta</p> <p>Coiste Iomaíochta an OECD</p> <p>Oifig Soláthair an Rialtais</p>
<b>Gníomhaíochtaí Ionadaíoch/Sásamh Comhchoiteann</b>	<p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</p>
<b>Miondíol Peitreal</b>	<p>An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide</p> <p>Cumann Miondíoltóirí Peitiril na hÉireann</p> <p>Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann</p>
<b>Tionchairí na Meáin Shóisialta/Fógraíocht Ar Líne</b>	<p>Údarás na gCaighdeán Fógraíochta d'Éirinn</p> <p>Údarás Craolacháin na hÉireann</p> <p>An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta</p> <p>Media Literacy Ireland</p> <p>Ardáin ar Líne</p>
<b>Seirbhísí Tréidliachta</b>	<p>An tÚdarás um Ard-Oideachas</p> <p>Comhairle Tréidliachta na hÉireann</p>

## Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta

In 2022, ghlac an CCPC páirt 142 uair le raon leathan grúpaí oibre/fóiraim san AE agus in áiteanna eile. Thugamar 45 cainteanna agus óráidí freisin mar chuid de chur chuige comhoibríoch le páirtithe leasmhara. Tá na príomhgrúpaí agus imeachtaí ar fhreastail an CCPC orthu tugtha thíos.

GRÚPA/IMEACHT	PRÍOMHÁBHAIR
<b>Coistí Comhairleacha ar Shábháilteacht Táirgí</b>	Bréagáin, Ísealvoltas, Gás, Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE)
<b>Comhdháil Idirphlé Tomhaltóirí</b>	Clár oibre tomhaltóirí an AE, Rialachán digiteach, Tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú glas
<b>Líonra Comhoibríoch um Chosaint Tomhaltóirí (CPC)</b>	Gníomhaíochtaí comhordaithe, Forghníomhú trasteorann agus foláirimh, Patrúin dorcha tráchtála, Réiteach malartach díospóide, Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, r-Forfheidhmíú (dea-chleachtas agus foghlaim piaraí), margáiocht lucht tionchair na meán sóisialta
<b>Gníomhaíocht Chomhordaithe ar Shábháilteacht Táirgí (CASP)</b>	Cuibheoirí taistil, Ceimiceáin i mbréagáin, Maighnéid i mbréagáin, Faireachas margaidh ar líne, Measúnú riosca, Margáí sráide
<b>Grúpa Saineolais Riomhthráchtála CNET</b>	Iarratas ar Rialachán Ardán go Gnó (P2B).
<b>Grúpa Imscrúduithe Coiriúla</b>	Oibríochtaí cuardaigh, Láimhseáil fianaise, Malartú sonraí agus fianaise, Ullmhú comhaid, Dul chun na cúirte
<b>An Gréasán Eorpach Iomaíochta (ECN)</b>	Leasú ar an bhfógra maidir le sainmhíniú an mhargaidh, an tAcht um Margáí Digiteacha, Athbhreithniú ar an Rialachán maidir le díolúine bloc cothrománach, athbhreithniú ar an díolúine bloc ingearach, Grúpa an Phríomh-Eacnamaí, Costas maireachtála/boilscithe (Foghrúpa Bia, Foghrúpa Fuinnimh, Foghrúpa seirbhísí airgeadais, Pharma, Comhoibriú Idirnáisiúnta)
<b>Meitheal Cairtéil ECN</b>	Boige, Gan póitseáil, Roinnt faisnéise, Idirghníomhaíocht idir forghníomhú cairtéil choiriúil agus riaracháin
<b>Digiteach ECN</b>	Imscrúduithe digiteacha, foghrúpa an Achta um Margáí Digiteacha
<b>Cumaisc ECN</b>	Cumaisc
<b>Riomh-fhorfheidhmíú Cianda</b>	Dea-chleachtas Forfheidhmithe um Chosaint Tomhaltóirí
<b>Meitheal um Imscrúduithe Digiteacha agus Faisnéise Saorga an Choimisiúin Eorpaigh</b>	Fianaise dhigiteach, Fóiréinsic dhigiteach, Dea-chleachtais, ruathair maidine
<b>An Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint agus Forfheidhmíú Tomhaltóirí (ICPEN) Ceardlann/Grúpaí Oibre Dea-Chleachtais</b>	Scéimeanna bolscaireachta pirimide a fhorfheidhmíú, scuabadh éifeachtach idirlín, Dul i ngleic le cleachtais athbhreithnithe mheablacha ar líne, Glasghlanadh, Éilimh chomhshaoil mhithreoracha,

GRÚPA/IMEACHT	PRÍOMHÁBHAIR
<b>Scéimeanna Bolscaireachta Pirimide ICPEN</b>	Conairí forfheidhmithe agus beartais smachtbhannaí, Oideachas agus cumhachtú faisnéise
<b>An Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO)</b>	Seasamh le cearta tomhaltóirí agus iad ag siopadóireacht lasmuigh den AE
<b>Líonra Iomaíochta Idirnáisiúnta (ICN)</b>	Forghníomhú frith-chairtéil sna deich mbliana atá romhainn, Camastail imthairisceana sa soláthar poiblí, Uirlisí dlí rialála agus iomaíochta i margáí digiteacha, Abhcóideacht
<b>Comhdháil Idirnáisiúnta na hEagraíochta Sláinte agus Sábháilteachta Táirgí</b>	Rialachán Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí
<b>Seachtain Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Táirgí</b>	Faireachas margaidh, Rioscaí nua maidir le sábháilteacht táirgí, Forfheidhmíú éifeachtach maidir le sábháilteacht táirgí
<b>Comhdháil um Fhaireachas Margaidh</b>	Leasú ar an Rialachán um Fhaireachas Margaidh, Straitéisí náisiúnta um fhaireachas margaidh, Faireachas margaidh san aois dhigiteach, Rialuithe teorann
<b>Comhdháil Choimisiún Iomaíochta na Malaeisia (MyCC)</b>	Tionchar eacnamaíoch suaitheadh an gheilleagair dhigitigh, peirspictíochtaí tionscail agus rialála ar chumaisc agus éadálacha, Camastail imthairisceana
<b>Meitheal Eagraíochta Tomhaltóra Thuaidh-Theas</b>	Breathimeacht agus Taighde Covid-19, Éagsúlacht i gcearta agus cosaint tomhaltóirí, Dochar tomhaltóra, margáiocht do lucht tionchair, taighde agus feachtais tomhaltóra, Praghsanna ag ardú, scéimeanna Ceannaigh Anois Ioc ar Ball
